# Tuarascáil Bhliantúil 2025

## An Bhliain Bhunaithe

An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha
Judicial Appointments Commission



An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha
Judicial Appointments Commission



# Ábhar

| | |
|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | 4 |
| Réamhrá an Stiúrthóra | 7 |
| Forléargas ar 2025 | 9 |
| Tráthchlár na bPríomhimeachtaí | 10 |
| Eolas maidir leis an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha | 11 |
| An Coimisiún | 12 |
| An Tréimhse Réamhbhunaithe | 15 |
| Bunú | 18 |
| Rialachas agus Comhlíonadh | 19 |
| Próisis Roghnúcháin | 24 |
| Comhairliúchán maidir leis an nGaeilge | 30 |
| Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach | 31 |
| Éagsúlacht | 32 |
| Ag Féachaint Chun Cinn go dtí 2026 | 33 |
| Aguisín 1 Tuarascáil ar Phróisis Roghnúcháin 2025 | 35 |

# Réamhrá an Chathaoirligh

**Cúis áthais dom an Chéad Tuarascáil den Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a chur in bhur láthair. Deis atá sa Tuarascáil seo domsa, mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún, machnamh a dhéanamh ar thréimhse inar cuireadh éachtaí suntasacha i gcrích dar liom.**

Tháinig an tAcht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023, i bhfeidhm le héifeacht ó Eanáir 2025 de bhua Ionstraim Reachtúil 553/2024 agus Ionstraim Reachtúil 554/2024, a shínigh an tAire McEntee TD ar an 17 Deireadh Fómhair 2024. Ceann de ghnéithe an Achta seo is ea nach raibh aon fhoráil déanta d'idirthréimhse i ndáil le ceapacháin. Faoi alt 68 den Acht rinneadh an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha a dhíscaoileadh nuair a tháinig an tAcht i bhfeidhm, agus faoi alt 69 níorbh fhéidir aon cheapachán in oifig bhreithiúnach a dhéanamh ina dhiaidh sin de bhua an mholta a rinne an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha.

Ina dhiaidh sin, níorbh fhéidir aon fholúntas a bhí ann amhail ag an 1 Eanáir 2025 nó a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin, a líonadh ach i ndiaidh na nósanna imeachta sách casta a bhí le bunú faoi Acht 2023 agus níorbh fhéidir, dá bhrí sin, cead a thabhairt leanúint ar aghaidh le ceapacháin faoin gcóras a bhí in úsáid roimhe sin, fad is a bhíothas ag díriú ar an gCoimisiún nua a bhunú. Dá bhrí sin, b'éigean tabhairt faoi na cúraimí ar fad a bhain leis an gCoimisiún a bhunú, baill foirne a earcú, áitribh a aimsiú agus a chur in oiriúint do riachtanais an Choimisiúin, bonneagar TFC a bhunú, suíomh gréasáin a fhorbairt, ionduchtú agus oiliúint a eagrú do Choimisinéirí, agus neart eile a dhéanamh nuair a bhí na nósanna imeachta do cheapachán á gcruthú agus, níos tábhachtaí ná sin, á gcur chun feidhme.

Mar is eol do go leor daoine thóg sé tréimhse fhada an tAcht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a fhorbairt agus thart ar dheich mbliana ó shin b'fhéidir go raibh luas na gceapachán breithiúnach níos moille, agus go mbeadh daoine den tuairim go bhféadfaí an obair ullmhúcháin a dhéanamh gan a bheith ag déileáil freisin leis an mbrú a bhain le folúntais. Sa bhliain 2025, áfach, ní hamhlaidh a bhí. Bhí folúntais le líonadh cheana féin sa Chúirt Dúiche agus san Ard-Chúirt, agus bhí sé soiléir go mbeadh roinnt folúntas eile le líonadh sa ghearrthéarma. Os a choinne sin, ós rud é go raibh an nós imeachta faoin Acht ag déileáil le hardú céime laistigh de na breithiúna anois chomh maith, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go mbeadh roinnt folúntas breise á gcruthú a mbeadh sé riachtanach iad a líonadh freisin trí nósanna imeachta an Choimisiúin.

D'fhéadfaí a rá freisin go bhféadfaí a bheith ag súil leis go dtógfadh sé roinnt ama déileáil leis na héilimh lóistíochtúla a bhaineann le struchtúir láidre a bhunú, agus ag an am céanna aistriú chuig áitribh nua agus baill foirne a earcú, agus an bonneagar riachtanach fisiciúil, TF agus oibriúcháin a fhorbairt, sula mbeadh an Coimisiún in ann aon phróiseas a rith a bhain le hainmniúcháin a dhéanamh i ndáil le folúntais in aon chúirt ar leith. Bheadh an tionchar a bheadh ag a leithéid de chur chuige, áfach, chomh fada is a bhain leis na folúntais neamhlíonta, agus an riaráiste breise iarmhartach san cúirteanna dá bharr an-ard agus doghlactha dar le baill an Choimisiúin.

Dá réir sin, rinne an Coimisiún iarracht gach rud a dhéanamh ag an am céanna, rud a chiallaigh go raibh feidhmeanna suntasacha, éagsúla agus am-íditheacha in úsáid, lena n-áirítear cóiríocht a aimsiú, an chóiríocht sin a chur in oiriúint, baill foirne a earcú, nósanna imeachta agus prótacail a bhunú, agus próisis á gcur i gcrích chun iarrthóirí ar fholúntais a ainmniú. Lena chois sin, rinne an Coimisiún iarracht nós imeachta nua a bhí níos déine agus níos trédhearcaí a bhunú, cosúil le, mar shampla,

a cheangal go gcuirfí trí theistiméireacht mhionsonraithe ar fáil mar aon le foirm iarratais mhionsonraithe, a cheangal go ndéanfaí measúnú leighis agus socruithe a dhéanamh ionas go bhféadfaí iarrthóirí gearrliostaithe a chur faoi agallamh.

Ainneoin nach gceanglaíonn an tAcht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023 (alt 46(1) (b)), ach go mbeadh iarrthóir á chur faoi agallamh ag painéal de chuid an Choimisiúin sula ndéanfaí moladh, d'fhorbair an Coimisiún nósanna imeachta a chinntigh go mbíonn baint ag gach comhalta den Choimisiún leis an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh na bhfolúntas ar fad. Ciallaíonn sé sin go gcuireann gach comhalta den Choimisiún a bhfuil vóta aige/aici measúnuithe tosaigh i dtoll a chéile a phléitear ag cruinniú de chuid an Choimisiúin agus a choigeartaítear i bhfianaise an phlé. Ina dhiaidh sin, déantar gearrliosta de na hiarrthóirí atá le cur faoi agallamh. Cuireann an painéal agallaimh an measúnú a dhéanann sé ar na hiarrthóirí ar fáil sula ndéanann an Coimisiún an measúnú deiridh agus sula gcuirtear ainmneacha faoi bhráid an Aire. Sa bhreis ar dhréachtráiteas roghnúcháin breithiúnach a chur i dtoll a chéile, comhairliúchán a reáchtáil maidir le húsáid na Gaeilge agus tús a chur le próiseas comhairliúcháin i ndáil le ráiteas éagsúlachta, rinne an Coimisiún breithniú ar 238 iarratas agus 664 teistiméireacht agus moladh 29 iarrthóir don Aire Dlí agus Cirt, Imirce agus Gnóthaí Baile, agus dá bharr sin, líonadh 12 phost bhreithiúnacha in 2025.

Ag an bpointe seo is féidir linn seasamh siar agus teacht ar roinnt tátal sealadach. Chiallaigh na cúraimí a bhí le cur i gcrích ag an gCoimisiún agus luas riachtanach na hoibre, go raibh brú suntasach ar bhaill foirne an Choimisiúin, agus go raibh brú freisin ar bhaill an Choimisiúin a raibh orthu cúraimí a chur i gcrích a bheadh á gcur i gcrích de ghnáth ag baill foirne eile in eagraíocht ina mbeadh dóthain acmhainní ar fáil. Ar an gcéad dul síos, is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór a rinne baill an Choimisiúin. Tá sé dochreidte i ndáiríre gur éirigh leis an gCoimisiún an méid seo oibre a dhéanamh, ó tharla nach raibh ach triúr ball foirne ar fáil chun tacú leis an obair ar fad. Thar ceann an Choimisiúin, is mian liom buíochas a ghabháil le Seán Duggan, an Stiúrthóir, agus lena bheirt bhall foirne, as tacú ar bhealaí éagsúla leis an gCoimisiún agus as a gcuid oibre a dhéanamh go díograiseach.

Is féidir a rá freisin gur tharraing na héilimh a bhí ar na Coimisinéirí aonair agus ar bhaill foirne an Choimisiúin i rith na chéad bhliana d'fheidhmiú an Choimisiúin, aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil don eagraíocht amach anseo. Ainneoin gur tharraing an Coimisiún aird ar an ngá a bhí le breis foirne, braitheann dul chun cinn sa chomhthéacs seo ar fhachtóirí seachtracha nach bhfuil aon smacht ag an gCoimisiún orthu. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí dul chun cinn i ndáil leis na ceisteanna seo go luath ionas gur féidir leis an gCoimisiún leanúint ar aghaidh lena chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil agus inbhuanaithe.

Bhí deacrachtaí ag an gCoimisiún freisin i ndáil le socruithe a bhain le forálacha luacha saothair agus pinsin an Stiúrthóra agus le táillí agus le costais a íoc le comhaltaí tuata. D'éiligh na saincheisteanna go leor ama agus airde ó Choimisinéirí agus ó bhaill foirne agus táthar ag súil go mbeidh siad curtha ina gceart go tapa, rud a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin díriú go hiomlán ar a phríomhfheidhmeanna ar mhaithe le leas an phobail.

Agus pointe dearfach ar deireadh: is é croílár an Achta an ceanglas atá le fáil in alt 39 (1), is é sin go mbeidh gach cinneadh a dhéanann an Coimisiún maidir le duine a mholadh le haghaidh ceapachán, nó le haghaidh ainmniúchán le haghaidh ceapachán nó toghadh, chuig oifig bhreithiúnach *á dhéanamh ar bhonn fiúntais*. Níl an soláthar iarrthóirí le haghaidh dlínsí áirithe chomh láidir agus ba mhaith leis an gCoimisiún agus sách láidir chun freastal ar leas an phobail. Tá sé tábhachtach go mbeifí in ann dul i ngleic le agus na bacainní struchtúrtha a bhfuil srian á chur acu ar an ngrúpa atá ar fáil le ceapadh agus a chuireann bac ar iarrthóirí cumasacha ó iarratas a dhéanamh, agus go mbeadh údar leo nó go mbeadh deireadh á chur leo. Cúis dóchais, dá ainneoin sin ar fad, is ea go bhfuil iarrthóirí ar ardchaighdeán toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas ceapacháin. Bíonn ar iarratasóirí agus ar a gcuid moltóirí dua ar leith a chaitheamh leis an bpróiseas a bhaineann le

hiarratas a dhéanamh. Tuigeann an Coimisiún go mbíonn díomá ar iarrthóirí nuair nach n-éiríonn leo moladh a fháil ón gCoimisiún nó nuair a chinneann an Rialtas gan iad a cheapadh. Tá sé tábhachtach, chomh fada is a bhaineann le breithiúna a cheapadh d'Éirinn san 21ú haois, nach mbíonn drogall ar na hiarrthóirí is cáilithe iarratas a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún iarracht a bheith dílis don mhuinín atá ag iarratasóirí, moltóirí agus an pobal i gcoitinne as trí bheith mionchúiseach, coinsiasach agus chomh cothrom agus is féidir sa tslí ina gcuireann sé a chuid feidhmeanna i gcrích, agus trí bheith toilteanach athbhreithniú a dhéanamh air agus a chuid próiseas a leasú i bhfianaise taithí. Ar chuma ar bith, tá tús curtha leis an obair anois.

**Donal O'Donnell**
*An Príomh-Bhreitheamh Cathaoirleach*
*An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha*
*Meitheamh 2026*



# Réamhrá an Stiúrthóra

**Cúis áthais dom an Chéad Tuarascáil den Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha i gcomhair 2025 a chur in bhur láthair.**

D'athraigh an tAcht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023, an córas de cheapacháin bhreithiúnacha in Éirinn agus athrú suntasach agus stairiúil a bhí ann sa chóras roghnúcháin breithiúnach le haghaidh na gcúirteanna ar fad sa Stát agus le haghaidh cúirteanna Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Is ionann an córas nua do roghnúchán breithiúnach agus próiseas reachtúil atá oscailte, trédhearcach agus atá bunaithe ar bhonn fiúntais.

Cuireadh obair mhór i gcrích i rith na chéad bhliana a chaith an Coimisiún i mbun oibre. Bhí an méid ama suntasach, an iarracht mhór agus an díograis a caitheadh chun an Coimisiún a bhunú mar bhonn le torthaí a sháraigh an méid a raibh na daoine is dóchasaí fiú ag súil leis. Tá eolas comhthéacsúil le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil maidir leis na héachtaí seo agus mínítear inti, go pointe áirithe, na dúshláin a bhaineann le Coimisiún nua agus neamhspleách a bhunú.

Cuireadh próiseas ionduchtaithe cuimsitheach i gcrích do chomhaltaí an Choimisiúin, lena n-áirítear deis a thabhairt do chomhaltaí tuata freastal ar éisteachtaí cúirte, cúrsaí oiliúna maidir le daoine a chur faoi agallamh, agus deis thapa aithne a chur ar ár gcontrapháirteanna i dTuaisceart Éireann. Éachtaí suntasacha ba ea gur aimsíodh cóiríocht oifige agus bonneagar TFC i rith laethanta tosaigh an Choimisiúin, agus gur ghlac an Coimisiún le socrú idirthréimhseach do phróisis roghnúcháin bhreithiúnacha. Bhí ról lárnach ag na héachtaí tosaigh seo i gcabhrú leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag an gCoimisiún i ndáil lena chéad phróiseas roghnúcháin ar an 13 Márta 2025, laistigh de thréimhse níos lú ná trí mhí ó bunaíodh an Coimisiún ar an 1 Eanáir 2025.

I rith a bhliana bunaithe, mar gheall ar an ngá a bhí ann folúntais reatha agus nua a líonadh go tráthúil, b'éigean don Choimisiún freastal ag an am céanna ar raon ceisteanna a mbeifí ag déileáil leo de ghnáth ar bhealach croineolaíoch, thar thréimhse ama níos faide. San áireamh anseo bhí próisis roghnúcháin bhreithiúnacha a dhearadh agus a chur ar fáil, socruithe rialachais a bhunú, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, tús a chur le próisis chomhairliúcháin reachtúla agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis. Chinntigh an obair mhionchúiseach agus choinsiasach a rinne na Coimisinéirí, ainneoin go raibh siad ag déileáil le hualach mór oibre, gur chuir an Coimisiún obair i gcrích ag na caighdeáin ab airde ab fhéidir in 2025. Tá aitheantas ar leith tuillte ag an mbeirt bhall foirne a bhí ag obair sa Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha as an tacaíocht a chuir siad ar fáil don Choimisiún i rith na chéad bhliana. Tá ról lárnach ag na baill foirne i soláthar oibriúcháin éifeachtach fheidhmeanna an Choimisiúin agus tríd an méid sin a dhéanamh, thug siad léargas ar an obair is fearr a dhéanann an Státseirbhís.

Ní nach ionadh, tá nithe a thagann chun cinn nuair a dhéantar machnamh ar Thuarascáil Bhliantúil 2025 nach mór a bhreithniú laistigh de chomhthéacs éachtaí eisceachtúla an Choimisiúin i rith bhliain a bhunaithe.

Tá ardmheas ag an gCoimisiún ar an méid ama a chaitheann agus ar an iarracht shuntasach a dhéanann iarratasóirí agus moltóirí nuair a bhíonn siad ag díriú ar phróisis roghnúcháin an Choimisiúin. Táthar ag súil go mbeidh Tuarascáil ar Phróisis Roghnúcháin 2025 in úsáid mar acmhainn nuair a bheidh iarratais á n-ullmhú amach anseo agus go mbeidh léargas cabhrach le fáil inti maidir le próisis roghnúcháin a cuireadh i gcrích in 2025.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar a nósanna imeachta agus cuirfidh sé in oiriúint iad ag féachaint do thaithí agus leanfaidh sé ar aghaidh lena leithéid a dhéanamh, ag féachaint don aiseolas a fhaightear ó iarratasóirí agus ó mholtóirí.

Tá sé soiléir freisin go bhfuil géarghá le hacmhainní oiriúnacha laistigh den Choimisiún chun inbhuanaitheacht agus barr feabhais a chinntiú amach anseo chomh fada is a bhaineann le déileáil le hualach oibre atá mór agus seasta. Táimid ag fáiltiú go mór, dá réir sin, roimh fhaomhadh an cháis ghnó do bhaill foirne bhreise a raibh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin freagrach as, agus tá sé beartaithe díriú ar an bpróiseas earcaíochta in 2026.

Táimid ag leanúint ar aghaidh le socruithe agus le tacaíochtaí a mheas agus a fhorbairt inár réimsí feidhme corparáideacha chun freastal ar riachtanais ghnó. I bhfianaise scála agus thábhacht shainordú an Choimisiúin, tógfaidh sé am chun socruithe nua a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na bonnsraithe láidre a leagadh síos in 2025.

Ní bheadh éachtaí an Choimisiúin bainte amach in 2025 gan dul i mbun rannpháirtíochta le raon leathan páirtithe leasmhara sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, comhlachtaí agus eagraíochtaí gairmiúla, institiúidí tríú leibhéal, na breithiúna, moltóirí, an pobal, agus na hiarratasóirí ar ndóigh. Tá ról tábhachtach ag an obair a dhéantar i gcomhpháirt le daoine eile. Bhaineamar tairbhe as flaithiúlacht comhlachtaí ceapachán breithiúnach eile i mBéal Feirste, Londain agus Dún Éideann, a bhí toilteanach a dtaithí siúd ar struchtúir agus ar chur chuige a roinnt linn. Chabhraigh oifigigh ón tSeirbhís Cúirteanna agus ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, go mór le bunú an Choimisiúin agus tá obair á cur i gcrích acu le blianta fada anuas. Tá an comhoibriú leanúnach seo tábhachtach ionas go bhfuiltear ag tacú leis an gCoimisiún chun a fheidhmeanna reachtúla mar chomhlacht neamhspleách a chomhlíonadh.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le caidreamh oibre a fhorbairt lena líonra páirtithe leasmhara in 2026 ionas go mbeidh daoine fós muiníneach as an gcóras de cheapacháin bhreithiúnacha fad is a bheidh na hiarrthóirí is oiriúnaí á moladh le haghaidh ceapachán breithiúnach bunaithe ar an gceanglas reachtúil a bhaineann le fiúntas.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, le comhaltaí agus le baill foirne an Choimisiúin, as a dtiomantas, díograis agus as a dtoilteanas leanúint ar aghaidh go dílis leis an obair tráth a rabhthas ag aistriú chuig córas nua do roghnúchán breithiúnach atá in úsáid againn inniu.

Ag féachaint chun cinn go dtí 2026, cuirfidh an Coimisiún leis an mbonnsraith láidir a leagadh in 2025. Beifear ag leanúint ar aghaidh le próisis roghnúcháin d'fholúntais bhreithiúnacha, agus méadófar líon na mball foirne a bheidh ar fáil chun tacú leis an gCoimisiún, agus leanfar ar aghaidh ag obair ar na próisis chomhairliúcháin reachtúla dá bhforáiltear dóibh faoin Acht seo, mar aon le nithe eile.

**Seán Duggan**
*Stiúrthóir*
*An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha*
*Meitheamh 2026*



# Forléargas ar 2025

**Suíomh gréasáin seolta:**
www.judicialappointments.ie

**Spriocdhátaí reachtúla comhlíonta**

**Oifig oscailte**

**5**
**phróiseas roghnúcháin críochnaithe**

**3**
**agus tosaithe**

**Nósanna imeachta agus próisis idirthréimhseacha bunaithe**

**Athbhreithniú ar éifeachtacht déanta ag an**

**Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe**

**Tuarascáil ghinearálta maidir le próisis roghnúcháin foilsithe**

**Comhairliúchán maidir leis an nGaeilge críochnaithe**

**Tús curtha le comhairliúcháin maidir le**
**Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach**

# Tráthchlár na bPríomhimeachtaí

**Deireadh Fómhair 2024**
Tús

**Eanáir 2025**
Bunú

**Feabhra 2025**
Nósanna Imeachta agus Próisis Idirthréimhseacha Foilsithe

**Márta 2025**
Próiseas Roghnúcháin na Cúirte Dúiche Fógartha

**Aibreán 2025**
Próiseas Roghnúcháin na hArd-Chúirte Fógartha

**Bealtaine 2025**
Próisis Roghnúcháin na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Achomhairc Fógartha

**Meitheamh 2025**
Próisis Roghnúcháin na Cúirte Dúiche agus na hArd-Chúirte Críochnaithe

**Iúil 2025**
Próisis Roghnúcháin na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Achomhairc Críochnaithe

**Meán Fómhair 2025**
Athbhreithniú an Choimisiúin ar Phróisis

Tuarascáil ar Roghnúchán Próisis an Choimisiúin (Eanáir - Iúil 2025) Foilsithe

**Deireadh Fómhair 2025**
Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach – Comhairliúchán Tosaithe

Próiseas Roghnúcháin na hArd-Chúirte Fógartha

**Samhain 2025**
Comhairliúchán maidir leis an nGaeilge Tosaithe

Próiseas Roghnúcháin na hArd-Chúirte Críochnaithe

Próiseas Roghnúcháin na Cúirte Cuarda Fógartha

**Nollaig 2025**
Comhairliúchán maidir leis an nGaeilge Críochnaithe

Próisis Roghnúcháin na Cúirte Dúiche agus na Cúirte Uachtaraí Fógartha

# Eolas maidir leis an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha

**Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ("an Coimisiún") ar an 1 Eanáir 2025. Tá an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ag feidhmiú faoi Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023 ("an tAcht"), a sholáthraíonn an creat do cheapacháin bhreithiúnacha, agus a chinntíonn próiseas trédhearcach, atá bunaithe ar fhiúntas.**

Is é ról an Choimisiúin, a bhfuil naonúr comhaltaí páirteach ann, daoine a roghnú agus a mholadh don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, chun iad a cheapadh agus a ainmniú le haghaidh oifig bhreithiúnach sa Stát agus i gCúirt Ghinearálta agus i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus don Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a mhéid a bhaineann le hainmniúchán le haghaidh toghadh chuig an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

Tá an Coimisiún freagrach as nósanna imeachta agus ceanglais feabhsaithe a chur chun feidhme do phróiseas roghnúcháin cuíchóirithe agus trédhearcach d'oifigí breithiúnacha. Cinnteofar freisin, tríd an bpróiseas seo, go mbeidh dea-cleachtas idirnáisiúnta á leanúint in Éirinn.

Sa bhreis ar na próisis roghnúcháin, ceanglaítear ar an gCoimisiún raon gníomhaíochtaí breise a chur i gcrích a bhfuil cur síos déanta orthu san Acht. Ina measc seo, tá comhairliúcháin maidir leis an nGaeilge agus an dréachtráiteas roghnúcháin breithiúnach, Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire, Ráiteas Éagsúlachta a fhoilsiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar mholtaí maidir le haon athrú riachtanach.

Tá an Stiúrthóir agus an bheirt bhall foirne atá ceaptha freagrach as bainistíocht laethúil na hoifige agus feidhm riaracháin an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Chuir an Coimisiún cás gnó do bheirt bhall foirne bhreise faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce in 2025 agus chomh maith leis sin, cuireadh cás tacaíochta faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, chun iarratas a dhéanamh ar chead a fháil chun beirt bhall foirne bhreise a cheapadh. Tá an cás gnó seo faofa anois agus tá sé beartaithe an próiseas earcaíochta a chur chun feidhme in 2026.

Tá an Stiúrthóir cuntasach don Choimisiún chomh fada is a bhaineann le feidhmiú feidhmeanna faoin Acht agus cibé feidhm eile a d'fhéadfadh an Coimisiún a shonrú. Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Choimisiún agus tá sé cuntasach do Choiste na gCuntas Poiblí agus do Choistí Oireachtais eile chomh fada is a bhaineann le cuntais agus le riar ginearálta an Choimisiúin. Tá an Coimisiún á mhaoiniú ó Vóta na Seirbhíse Cúirteanna.

# An Coimisiún

**Páirteach sa Choimisiún tá 9 gcomhalta faoi alt 9 (1) d'Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023, a ceapadh ar an 1 Eanáir 2025 i gcomhair téarma trí bliana nó suas go dtí an dáta scoir má tharlaíonn sé roimh dhul in éag an téarma atá luaite leis na poist ex officio seo.**

Is iad seo a leanas na 9 gcomhalta - an Príomh-Bhreitheamh mar Chathaoirleach, Uachtarán na Cúirte Achomhairc (faoi réir alt 9 (2) den Acht), 2 chomhalta den Chomhairle Bhreithiúnach, 4 chomhalta tuata agus an tArd-Aighne (comhalta gan ceart vótála).

| Ainm | Ról |
|---|---|
| An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell | An Príomh-Bhreitheamh, Cathaoirleach |
| An Breitheamh Onórach Caroline Costello** | Uachtarán na Cúirte Achomhairc |
| An Príomh-Bhreitheamh Mary Rose Gearty* | Breitheamh na hArd-Chúirte |
| An Breitheamh Alan Mitchell* | Breitheamh na Cúirte Dúiche |
| An tUasal Bernie Gray | Comhalta Tuata, Ainmní an Aire |
| An tOll. Rónán Kennedy | Comhalta Tuata, Ainmní an Aire |
| An Dr Terence McWade | Comhalta Tuata, Ainmní an Aire |
| An Dr Eleanor O'Higgins | Comhalta Tuata, Ainmní an Aire |
| An tArd-Aighne, An tUasal Rossa Fanning Abhcóide Sinsearach | Coimisinéir Gan Ceart Vótála |
| An Breitheamh Onórach David Barniville** | Uachtarán na hArd-Chúirte |
| An Breitheamh Onórach Patricia Ryan** | Uachtarán na Cúirte Cuarda |
| An Breitheamh Onórach Paul Kelly** | Uachtarán na Cúirte Dúiche |

*Tofa ag an gComhairle Bhreithiúnach.

** Foráiltear in Alt 9 (2) den Acht, sa chás go bhfuil an Coimisiún i mbeidh feidhme a bhaineann le daoine a roghnú nó a mholadh le haghaidh ceapachán chuig oifig bhreithiúnach san Ard-Chúirt, Cúirt Chuarda nó Cúirt Dúiche, go nglacfar le hUachtarán na Cúirte lena mbaineann seachas le hUachtarán na Cúirte Achomhairc mar an comhalta chun críche na feidhme sin a chomhlíonadh.



*(Ró deiridh, c-d) An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty, An Dr Terry McWade, An Breitheamh Onórach Paul Kelly, Uachtarán na Cúirte Dúiche, An Breitheamh Alan Mitchell, An Breitheamh Onórach Patricia Ryan, Uachtarán na Cúirte Cuarda, An tOll. Rónán Kennedy, An Breitheamh Onórach David Barniville, Uachtarán na hArd-Chúirte. (Ró tosaigh, c-d) An Breitheamh Onórach Caroline Costello, Uachtarán na Cúirte Achomhairc, An tUasal Bernie Gray, An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell, An Príomh-Bhreitheamh, An tArd-Aighne, An tUasal Rossa Fanning Abhcóide Sinsearach, An Dr Eleanor O'Higgins.*

I gcruinnithe Alt 9(1) pléadh feidhmeanna ginearálta an Choimisiúin agus an fheidhm a bhaineann le hainmneacha a roghnú agus a mholadh d'fholúntas breithiúnach amháin sa Chúirt Achomhairc. I gcruinnithe Alt 9(2) pléadh an fheidhm a bhaineann le daoine a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapachán chuig oifig bhreithiúnach san Ard-Chúirt, Cúirt Chuarda nó Cúirt Dúiche, agus beidh Uachtarán na Cúirte ábhartha i láthair seachas Uachtarán na Cúirte Achomhairc.

Bhuail an Coimisiún, arna chomhdhéanamh faoi alt 9(1), le chéile 14 bhabhta in 2025 agus nuair a bhí sé arna chomhdhéanamh faoi alt 9(2), bhuail sé le chéile 16 bhabhta, rud a chiallaigh gur reáchtáladh 30 cruinniú den Choimisiún in 2025.

Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach in Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023. I measc na míreanna buana a ndéanann an Coimisiún machnamh orthu tá:

- Daoine a roghnú agus a mholadh don Aire cuí le haghaidh ceapachán chuig oifig bhreithiúnach sa Stát agus lasmuigh den Stát.
- Glacadh le ráiteas maidir le nósanna imeachta roghnúcháin agus le ráiteas maidir le heolas, scileanna agus saintréithe riachtanacha le cur san áireamh i ráiteas foilsithe, maidir leis an bpróiseas roghnúcháin a bhaineann le ceapachán chuig oifig bhreithiúnach.
- Duine a mholadh le haghaidh ceapachán chuig oifig bhreithiúnach bunaithe ar fhiúntas agus aird a thabhairt air, a mhéid is féidir agus is indéanta, ar na cuspóirí seo a leanas:
    - ba cheart go mbeadh an líon céanna comhaltaí fireanna agus baineanna i measc chomhaltaí na mbreithiúna i ngach cúirt,
    - ba cheart go mbeadh fianaise le fáil i measc chomhaltaí na mbreithiúna i ngach cúirt ar éagsúlacht dhaonra an Stáit trí chéile, agus
    - ba cheart go mbeadh dóthain breithiúna a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu páirteach i gcomhaltacht na mbreithiúna i ngach cúirt
- Ba cheart tairbhe a bhaint as neamhspleáchas nuair a bhíonn a fheidhm á comhlíonadh aige

## Comhaltaí an Choimisiúin



**An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell**
An Príomh-Bhreitheamh Cathaoirleach



**An Breitheamh Onórach Caroline Costello**
Uachtarán na Cúirte Achomhairc



**An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty**
Breitheamh na hArd-Chúirte



**An Breitheamh Alan Mitchell**
Breitheamh na Cúirte Dúiche



**An tUasal Bernie Gray**



**An tOll. Rónán Kennedy**



**An Dr Terence McWade**



**An Dr Eleanor O'Higgins**



**An Breitheamh Onórach David Barniville**
Uachtarán na hArd-Chúirte



**An Breitheamh Onórach Patricia Ryan**
Uachtarán na Cúirte Cuarda



**An Breitheamh Onórach Paul Kelly**
Uachtarán na Cúirte Dúiche



**An tUasal Rossa Fanning Abhcóide Sinsearach**
An tArd-Aighne

# An Tréimhse Réamhbhunaithe

**Síníodh an tAcht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023, ina dhlí ar an 8 Nollaig 2023. Síníodh an Chéad Ordú um Thosach Feidhme, Ionstraim Reachtúil Uimh. 114 de 2024, ar an 20 Márta 2024.**

Ceapadh an Stiúrthóir eatramhach i mí Iúil 2024. Ciallaíonn an ceapachán seo go bhfuil am ar fáil chun tacú leis an gclár oibre, ar díríodh air laistigh de thréimhse ama uaillmhianach, a bhí dírithe ar an mbonneagar riachtanach chun tacú leis an gCoimisiún. San áireamh anseo bhí baill foirne, aimsiú agus nuachóiriú cóiríochta oifige, bonneagar TFC a chur ar fáil agus suíomh gréasáin a fhorbairt. Chuathas i dteagmháil le comhlachtaí ceapacháin breithiúnacha cosúla i mBéal Feirste, Londain agus Dún Éideann a bhí toilteanach a dtaithí féin a roinnt leis an gCoimisiún nua. Ceapadh AOF agus OF san Oifig agus ba é sin an líon iomlán ball foirne a ceapadh ag an am chun tacú le hobair an Choimisiúin.



*An tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee, TD, agus Ionstraim Reachtúil 553/2024 (Tosach Feidhme) agus Ionstraim Reachtúil 554/2024 (Lá Bunaithe) á síniú aici ar an 17 Deireadh Fómhair 2024 (clé go deas:) An tOll. Rónán Kennedy, An Dr Terry McWade, An Breitheamh Onórach Caroline Costello, An Breitheamh Paul Kelly, An tAire Helen McEntee, TD, An tUasal Bernie Gray, An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty, An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell, An Príomh-Bhreitheamh, An Breitheamh Alan Mitchell, An Dr Eleanor O'Higgins, An Breitheamh Onórach Patricia Ryan, An Breitheamh Onórach David Barniville, (An tArd-Aighne, An tUasal Rossa Fanning Abhcóide Sinsearach, as láthair).*

Ar an 17 Deireadh Fómhair 2024, shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee TD, an dara ordú um thosach feidhme, agus an t-ordú deiridh, a thug éifeacht do na forálacha uile den Acht a bhí fágtha. Ar an lá céanna, shínigh an tAire Ordú an Lae Bunaithe mar a cheanglaítear faoi Alt 7 d'Acht 2023 agus fógraíodh comhaltacht an Choimisiúin. Cinneadh gurb é an 1 Eanáir 2025 an lá bunaithe. I ndiaidh an ordaithe deiridh um thosach feidhme agus an t-ordú bunaithe a shíniú tharraing an tAire aird ar an méid seo a leanas:

*Is sásra ríthábhachtach é an córas um cheapacháin bhreithiúnacha in Éirinn chun seasamh le neamhspleáchas na mbreithiúna, gné lárnach de chreat Bhunreacht na hÉireann. Is ionann síniú an ordaithe um thosach feidhme inniu agus creat nua-aimseartha don chóras a úsáidtear chun breithiúna a cheapadh Cinnteoidh an tAcht nua, agus an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, go mbeidh tairbhe á baint as próiseas iarratais atá mionchúiseach, trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas chun breitheamh a cheapadh. Tá mé fíorsházta go mbeidh an tAcht ag cosaint ceapachán bunaithe ar fhiúntas, go mbeidh foráil á déanamh don chumas Gaeilge a labhairt agus go mbeidh gealltanas á thabhairt ag an gCoimisiún maidir le léargas a thabhairt ar éagsúlacht dhaonra an Stáit.*



*An tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee, TD, agus an Breitheamh Onórach Donal O'Donnell, Príomh-Bhreitheamh.*

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an bPríomh-Bhreitheamh maidir le suntas bhunú an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha

*is forbairt thábhachtach atá anseo i stair chóras breithiúna na hÉireann agus is ionann í agus athrú suntasach ar an gcóras um cheapacháin bhreithiúnacha in Éirinn.*



*An tAire Stáit James Browne, TD, An tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee, TD, An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell, An Príomh-Bhreitheamh, An Stiúrthóir Seán Duggan.*

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an bPríomh-Bhreitheamh maidir le sainordú an Choimisiúin nua *"tacóidh sé le clár roghnúcháin le haghaidh folúntais bhreithiúnacha, bunaithe ar cheanglas reachtúil soiléir go mbeidh ceapacháin bhreithiúnacha fós bunaithe ar fhiúntas.*

*Ciallóidh an cumas a bheidh ag Coimisiún neamhspleách chun níos lú daoine a mholadh le haghaidh ceapachán breithiúnach i gcomparáid leis an gcóras a bhí in úsáid roimhe seo go mbeidh Éire níos cóngaraí do cheanglais idirnáisiúnta agus gur cosaint thábhachtach a bheidh ann do neamhspleáchas breithiúnach.*

*Chomh maith leis sin, réitíonn an córas nua an bealach don Choimisiún chun comhoibriú leis an bpobal dlí go ginearálta agus le daoine eile chun díriú ar chóras breithiúna a thugann léargas ar an éagsúlacht bhreise atá le tabhairt faoi deara sa phobal.*

*Is é túsphointe mhuinín an phobail sa chóras breithiúna muinín as an gcóras um cheapacháin bhreithiúnacha. Tá mé ag súil le bheith ag obair leis na comhaltaí breithiúnacha agus tuata den Choimisiún chun na nósanna imeachta a fhorbairt a bheidh mar bhonn leis na hiarrthóirí is oiriúnaí le haghaidh ceapachán breithiúnach a mholadh."*

Bhuail comhaltaí an Choimisiúin le chéile 8 mbabhta ar bhonn eatramhach idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2024 chun obair ullmhúcháin a dhéanamh roimh an Lá Bunaithe. I measc na ngníomhaíochtaí breise a cuireadh i gcrích i rith an ama seo bhí ionduchtú, oiliúint, obair foghrúpaí agus imeacht do thoscairí ar cuairt ó Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha Thuaisceart Éireann.

# Bunú

**Reáchtáladh an chéad chruinniú den Choimisiún ar an 15 Eanáir 2025, laistigh de 3 mhí ó bunaíodh é mar atá sonraithe san Acht.**

Ba ionann an cruinniú seo agus tús thréimhse thosaigh an Choimisiúin, tréimhse ina raibh obair ullmhúcháin le cur i gcrích a bhí riachtanach roimh sheoladh an chórais nua le haghaidh roghnúchán breithiúnach. Mar chuid den obair seo rinneadh machnamh ar na próisis a bhí riachtanach chun an Acht nua a chur i bhfeidhm. D'éiligh forbairt na nósanna imeachta agus na bpróiseas ar foráladh dóibh san Acht méid suntasach ama agus neart oibre a bheith á déanamh ag an gCoimisiún sula bhféadfadh an Coimisiún tús a chur leis an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh folúntais bhreithiúnacha. I rith na tréimhse seo agus chun a bheith in ann díriú ar na próisis roghnúcháin, chuir an Coimisiún dréachtráiteas táscach de na nósanna imeachta roghnúcháin i dtoll a chéile, mar aon le dréachtráiteas táscach eolais, scileanna agus saintréithe, agus Treoir do mholtóirí. Lena chois sin, d'ullmhaigh an Coimisiún foirmeacha iarratais, agus leabhrán eolais mionsonraithe don phróiseas roghnúcháin do gach Cúirt. Chomh maith leis sin, reáchtáladh tuilleadh cruinnithe le foghrúpaí a bhain le comórtais aonair agus saincheisteanna straitéiseacha cosúil le rialachas agus riosca. Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) i mí an Mhárta 2025. Is é príomhról an Choiste tacú leis an gCoimisiún chun a fhreagrachtaí a bhaineann le rialuithe inmheánacha, iniúchadh, agus bainistíocht riosca agus airgeadas a chomhlíonadh. Bhuail baill an choiste le chéile 3 huaire in 2025.

Measadh go gcaithfí trí mhí ar a laghad ag obair ar na scéimeanna roghnúcháin breithiúnacha, ach uaireanta tógann sé 6 mhí chun torthaí ceann go ceann a chur ar fáil i ndlínsí comparáideacha. Bhí an cinneadh a rinneadh obair a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama chomh dúshlánach leis seo bunaithe ar an bhfonn a bhí ann freagairt ar bhealach tráthúil d'iarratais ón Aire ar cheapacháin bhreithiúnacha.

Gné bhreise a bhí le cur san áireamh faoin gcóras nua do roghnúchán breithiúnach é an ceanglas faoi alt 46 den Acht - sular féidir iarratasóir a mholadh ní mór go mbeadh sé/sí curtha faoi agallamh ag an gCoimisiún. D'éiligh sé sin go gcuirfí oiliúint earcaíochta agus agallaimh ar fáil do gach comhalta den Choimisiún, go mbeadh comhaontú ann maidir le módúlachtaí na bpróiseas iarratais agus agallaimh, sa bhreis ar na hagallaimh d'iarrthóirí gearrliostaithe. San áireamh sa phróiseas bhí ullmhúchán réamhfhógartha, fógairt, gearrliostú, agallaimh agus cinntí a rinne an Coimisiún ina dhiaidh sin.

Faoi alt 57 d'Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023, tá oibleagáid ar an gCoimisiún, i ndiaidh próisis de chomhairliúchán poiblí, glacadh le Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach ("an Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach"), ina gcuimsítear (a) ráiteas maidir leis na scileanna, an t-eolas agus na saintréithe riachtanacha; agus (b) ráiteas maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin. De réir Alt 57 samhlaítear go mbeidh tréimhse 18 mhí i gceist sula gcuirfear an ráiteas roghnúcháin breithiúnach i gcrích. De bhrí go bhfuil an próiseas fada agus go bhfuil ceapacháin in oifig bhreithiúnach le déanamh ar feitheamh glacadh le Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach, ghlac an Coimisiún le socrú idirthréimhseach de bhua alt 60 den Acht a chiallaíonn gur féidir leis an gCoimisiún leanúint ar aghaidh le próiseas roghnúcháin bunaithe ar an Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach Táscach sula nglacfar leis an Ráiteas Roghnúcháin Breithiúnach deiridh. Cuireadh fógra maidir leis na socruithe idirthréimhseacha ar foráladh dóibh faoin Acht (alt 60) ar ghlac an Coimisiún leo ar fáil d'iarratasóirí ionchasacha agus don phobal trí shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Is éard a bhí mar thoradh ar an gcéim tionscnaimh thosaigh ná garsprioc bhunúsach - fógairt chéad phróiseas roghnúcháin an Choimisiúin ar an 13 Márta 2025 le haghaidh 7 bhfolúntas sa Chúirt Dúiche.

# Rialachas agus Comhlíonadh

## Ráiteas Rialachais

Tá an Stiúrthóir agus an bheirt bhall foirne atá ceaptha freagrach as bainistíocht laethúil agus feidhm riaracháin an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Tá an Stiúrthóir cuntasach don Choimisiún chomh fada is a bhaineann le feidhmiú feidhmeanna faoin Acht agus cibé feidhm eile a d'fhéadfadh an Coimisiún a shonrú.

## Nochtuithe arna gCeangal ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016, a mhéid is atá siad ábhartha don Choimisiún.

## Ráiteas Comhlíonta

Níl an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha faoi réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tá nósanna imeachta bunaithe i rith bhliain bhunaithe an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha ionas gur féidir ceanglais ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a dhearbhú.

Mar gheall ar shainordú agus ar ról suntasach an Choimisiúin nua, tá an Coimisiún ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt agus ar leabú struchtúr nua, rialachais, nósanna imeachta bainistíochta riosca, agus beartas agus nósanna imeachta athbhreithnithe, ina dtugtar léargas ar phrionsabail an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú (2016). Tugaimid faoi deara go bhféadfadh breithniúcháin mhalartacha a bheith i bhfeidhm sa chás nach bhfuil an Cód ag teacht le cothabháil neamhspleáchas breithiúnach na gcomhaltaí breithiúnacha den Choimisiún nuair a bhíonn a fheidhmeanna á gcur i bhfeidhm aige.

Amhail ag an 31 Nollaig 2025, tá tacar beartas forbartha ag an gCoimisiún atá ag teacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Foráil i ndáil le hIniúchadh Inmheánach

Bainfidh an Coimisiún tairbhe as feidhm Iniúchta Inmheánaigh neamhspleách sheachtrach in 2026 a bheidh ag feidhmiú de réir Cairte Iniúchta Inmheánaigh a bheidh ceadaithe ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus de réir forálacha Iniúchta Inmheánaigh a bheidh leagtha amach sa Chód.

Cuirfear tús le próiseas soláthair in 2026.

## Maoiniú

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, cinneadh a dhéanamh maidir le méid nó méideanna, chun críocha caiteachais a bheidh á dhéanamh ag an gCoimisiún i ndáil le feidhmiú a fheidhmeanna, a d'fhéadfadh a bheith á íoc roimh ré ag an tSeirbhís Cúirteanna leis an Oireachtas as airgead a chuir an tOireachtas ar fáil.

## Ráiteas Cosanta Sonraí

Tá an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha airdeallach ar an ngá atá ann caitheamh le sonraí pearsanta ar bhealach oiriúnach agus dleathach. Táimid tiomanta dár n-oibleagáidí sa chomhthéacs seo a chomhlíonadh agus i ndáil leis na sonraí pearsanta ar fad.

## Saoráil Faisnéise

Leagtar amach in Alt 34 den Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha na srianta a bhaineann le hAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Baineann na srianta le taifid a bhaineann le (a) an próiseas chun daoine a roghnú agus a mholadh lena gceapadh nó le hainmniú lena gceapadh nó lena dtoghadh chuig oifig bhreithiúnach nó (b) comhairliúchán faoi alt 56(1) nó 57(5), ach amháin sa chás go mbaineann an taifead le riar ginearálta an Choimisiúin. Baineann na srianta le taifead atá i seilbh an Choimisiúin, an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus an tAire Gnóthaí Baile agus Imirce nó an Rialtas.

Ceanglaíonn Alt 8 d'Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ar an gCoimisiún an oiread eolais agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana ar ghnáthbhealach lasmuigh de SF, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

| Cinntí SF 2025 | |
|---|---|
| Páirtcheadaithe | 3 |
| Iomlán | 3 |
| **Cineálacha iarratas** | |
| Iarratasóir | 3 |

## Nochtuithe cosanta

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, faoi alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtuithe cosanta a cuireadh faoina bhráid i rith na bliana roimhe sin agus an gníomh a rinneadh chun freagairt d'aon nochtadh cosanta dá leithéid. Níor cuireadh aon nochtadh cosanta faoi bhráid an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha in 2025.

## Cruinnithe an Choimisiúin agus Tinreamh

| Ainmneacha | Líon cruinnithe alt 9(1) | Líon cruinnithe alt 9(2) | An Chéad Chruinniú | Cruinniú athbhreithnithe MF 2025 |
|---|---|---|---|---|
| An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell | 14/14 | 16/16 | 1/1 | 1/1 |
| An Breitheamh Onórach Caroline Costello | 13/14 | 2/2 | 1/1 | 1/1 |
| An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty | 14/14 | 16/16 | 1/1 | 1/1 |
| An Breitheamh Alan Mitchell | 14/14 | 16/16 | 1/1 | 1/1 |
| An tUasal Bernie Gray | 14/14 | 16/16 | 1/1/ | 1/1 |
| An tOll. Rónán Kennedy | 14/14 | 16/16 | 1/1 | 1/1 |
| An Dr Terence McWade | 14/14 | 16/16 | 1/1 | 1/1 |
| An Dr Eleanor O'Higgins | 14/14 | 16/16 | 1/1 | 1/1 |
| An tArd-Aighne, An tUasal Rossa Fanning Abhcóide Sinsearach | 14/14 | 16/16 | 1/1 | 1/1 |
| **Comhaltaí A. 9(2)** | | | | |
| An Breitheamh Onórach David Barniville | | 7/7 | 1/1 | 1/1 |
| An Breitheamh Onórach Patricia Ryan | | 5/5 | 1/1 | 1/1 |
| An Breitheamh Onórach Paul Kelly | | 2/2 | 1/1 | 1/1 |

## Coistí an Bhoird

### An Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR)

Bunaíodh an CIR in 2025 agus reáchtáladh an chéad chruinniú ar an 14 Bealtaine 2025. Is é ról an CIR tacú leis an gCoimisiún lena fhreagrachtaí a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR ag feidhmiú neamhspleách ar fheidhm bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách á déanamh ar na córais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an CIR don Choimisiún i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is é príomhról an Choiste tacú leis an gCoimisiún chun a fhreagrachtaí a bhaineann le rialuithe inmheánacha, iniúchadh, agus bainistíocht riosca agus airgeadas a chomhlíonadh. Bhuail baill an choiste le chéile 3 huaire in 2025. Bhí daoine i láthair go fisiciúil ag an gcéad chruinniú, eagraíodh an dara cruinniú ar bhealach hibrideach agus eagraíodh an tríú cruinniú go fíorúil.

| Ainm | Cruinnithe a rabhthas i láthair acu |
|---|---|
| An Breitheamh Onórach Caroline Costello (Cathaoirleach) | 3/3 |
| An tOll. Rónán Kennedy | 2/2 |
| An Dr Terence McWade | 3/3 |
| An Breitheamh Alan Mitchell | 2/2 |

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

### Raon Freagrachta

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha le héifeacht ón 1 Eanáir 2025 de réir Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023. Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus in úsáid. Cuimsítear sa fhreagracht sin, a mhéid is atá ábhartha don Choimisiún, ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais faoin Rialú Inmheánach

Tá an córas faoin rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur leis ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá baill an Choimisiúin sásta go bhfuil na córais, atá bunaithe, réasúnta agus oiriúnach ag féachaint dá mhéid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus an cineál oibríochtaí. Is próiseas leanúnach é an córas de rialuithe inmheánacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

### Seirbhísí Comhroinnte

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ar an 1 Eanáir 2025. Ag an am, ní raibh córas cuntasaíochta neamhspleách dá chuid féin ag an gCoimisiún.

Dá réir sin, ghlac an Coimisiún páirt i gcomhaontú seirbhíse leis an tSeirbhís Cúirteanna chun a fheidhm Teicneolaíochta Faisnéise (TFC) a bhainistiú.

Chomh maith leis sin, baineann an Coimisiún tairbhe as seirbhísí comhroinnte ón Ionad Seirbhísí Párolla Comhroinnte (ISPC) tríd an tSeirbhís Cúirteanna agus ó fheidhm chuntasaíochta airgeadais na Seirbhíse Cúirteanna agus ó fheidhm bhainistíochta Acmhainní Daonna (AD).

### An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Tá an tSeirbhís Cúirteanna freagrach as gach íocaíocht a phróiseáil, lena n-áirítear párolla, cothabháil an mhórleabhair ghinearálta, cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur i dtoll a chéile mar aon le gach tuairisceán ábhartha don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2025, thar ceann an Choimisiúin.

Tá rialuithe agus nósanna imeachta curtha chun feidhme ag an gCoimisiún chun a chinntiú go bhfuil gach idirbheart ioncaim agus caiteachais a bhaineann leis an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha á n-athbhreithniú agus á gceadú ag an Oifig sula gcuirtear faoi

bhráid na Seirbhíse Cúirteanna iad chun íocaíocht a phróiseáil agus chun mórleabhair chuntasaíochta a chothabháil.

### Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Nuair a bunaíodh é, ní raibh a chreat TFC féin ag an gCoimisiún agus baineadh úsáid as seirbhísí tacaíochta TFC na Seirbhíse Cúirteanna, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cumarsáide agus sásraí slándála chun oiriúnacht na réiteach agus tacaíochtaí TFC agus teicneolaíochta faisnéise a chinntiú chun tacú le feidhmeanna an Choimisiúin.

I rith 2025, ghlac an Coimisiún páirt i gcomhaontú seirbhíse leis an tSeirbhís Cúirteanna chun an bonneagar fisiciúil TFC neamhspleách riachtanach a fhorbairt agus a chur ar fáil in oifigí an Choimisiúin. Tá an Coimisiún ag baint tairbhe as seirbhísí tacaíochta TFC ón tSeirbhís Cúirteanna anois. Tá comhaontú déanta chun na seirbhísí seo a chur ar fáil agus tá socruithe déanta ina gcuimsítear cúltaca córas agus slándáil sonraí don Choimisiún.

## Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Tá córas de rialú inmheánach an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear roinnt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá an méid seo a leanas san áireamh go háirithe:

- Córas buiséadaithe oiriúnach le buiséad bliantúil a ndéantar athbhreithniú air go rialta.
- Athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.
- Córas bainistíochta riosca atá oiriúnach don fheidhm.
- Freagrachtaí bainistíochta atá sannta go soiléir, le cuntasacht chomhfhreagrach.

## An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) bunaithe ag an gCoimisiún a bhfuil 4 chomhalta den Choimisiún páirteach ann. Faoi alt. 16(2) ní féidir ach le comhaltaí an Choimisiúin a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí den choiste rud a chiallaíonn go bhfuil comhaltacht páirtithe seachtracha as an áireamh. Tá an CIR ag feidhmiú neamhspleách ar fheidhm bainistíochta na heagraíochta. Go háirithe, déanann an Coiste iarracht a chinntiú go bhfuil monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách á déanamh ar na córais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Bhuail baill CIR le chéile 3 huaire in 2025.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á gcur i gcrích chun déileáil le agus, agus a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí bunaithe ina sainaithnítear na príomhrioscaí nach mór don Choimisiún déileáil leo agus déantar iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Déanann an Stiúrthóir agus an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear riosca ag leibhéal inghlactha.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leantach

Tá beartas bainistíochta riosca bunaithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ina sainaithnítear rioscaí, na rialuithe atá i bhfeidhm, agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus monatóireachta.

Déanann an Coimisiún cinntí straitéiseacha suntasacha agus buaileann na comhaltaí le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Tugann an Stiúrthóir, de bhua na bhfeidhmeanna seo faoin Acht, éifeacht do bheartais agus do chinntí an Choimisiúin. Tá na córais mhonatóireachta leantacha seo a leanas bunaithe ag an gCoimisiún:

- T príomhrioscaí agus rialuithe sainaitheanta agus tá próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú,
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun gach earra agus seirbhís a cheannach, chun sonraisc a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a cheadú, agus chun íocaíocht a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a údarú.
- Déanann an Stiúrthóir agus a f(h)oireann athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá córais bunaithe chun sócmhainní a chosaint.

## Soláthar

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus i rith 2025 gur chomhlíon an Coimisiún na nósanna imeachta sin.

## Saincheisteanna faoin Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach i ndáil le 2025 a éilíonn a leithéid a nochtadh.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánacha.

Ní dhearna an Coimisiún aon athbhreithniú seachtrach ar a chóras de rialú inmheánach i rith a bhliana bunaithe idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2025. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú seachtrach ar a chóras de rialú inmheánach a sholáthar, a cheapadh agus a chur i gcrích in 2026.

# Na Próisis Roghnúcháin

**Chuir an Coimisiún cúig phróiseas roghnúcháin i gcrích agus chuir sé tús le trí phróiseas roghnúcháin eile in 2025.**

Fógraíodh folúntais ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (www.judicialappointments.ie) agus scaipeadh na fógraí ar pháirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear comhlachtaí gairmiúla dlí, institiúidí tríú leibhéal agus na breithiúna. Ceanglaíodh ar iarrthóirí iarratais ar líne a dhéanamh roimh spriocdháta forordaithe agus bhí teistiméireachtaí le críochnú agus le cur ar fáil roimh spriocdháta forordaithe freisin.

In 2025, chuir an Coimisiún cúig phróiseas roghnúcháin i gcrích (ceann sa Chúirt Dúiche, ceann sa Chúirt Chuarda, dhá cheann san Ard-Chúirt agus ceann sa Chúirt Achomhairc) agus cuireadh ainmnithe ar fáil chun 12 fholúntas a líonadh. Ar an iomlán, chomh fada is a bhain le próisis roghnúcháin chríochnaithe, rinne an Coimisiún 238 iarratas a mheas mar aon le 664 teistiméireacht agus reáchtáil sé 44 agallamh. Lena chois sin, chuir an Coimisiún tús le trí phróiseas roghnúcháin eile (an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Uachtarach) chun ainmnithe a chur ar fáil chun 13 fholúntas a líonadh. Bhíothas fós ag obair ar na próisis roghnúcháin seo ag deireadh 2025.

I ndáil le gach próiseas roghnúcháin ar ghlac an Coimisiún páirt ann, b’éigean don Choimisiún glacadh le ráiteas maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin molta, agus an t-eolas, na scileanna agus na saintréithe a bhí riachtanach, de réir fhorálacha a. 60 den Acht agus eolas maidir léi a chur ar fáil d’iarrthóirí ionchasacha i Leabhrán Eolais oiriúnaithe. Tháinig an Coimisiún ar chomhaontú maidir le bord agallaimh do gach próiseas roghnúcháin, a raibh comhalta tuata i mbun cathaoirleachta air, agus páirteach freisin bhí Uachtarán na Cúirte ainmnithe agus comhalta amháin eile den Choimisiún. Tá tuilleadh sonraí maidir le haicmiú iarratasóirí agus iad siúd a moladh don Rialtas do gach próiseas roghnúcháin le fáil i dTábla a hAon agus i dTábla a Dó thíos.

## Bhí próiseas an Coimisiún stuama agus bhí na céimeanna seo a leanas san áireamh ann:

**1**

**Fógairt an fholúntais,** ráiteas roghnúcháin breithiúnach táscach a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara, mar aon le leabhrán eolais oiriúnaithe agus treoir do mholtóirí;

**2**

Ceanglas maidir le **teistiméireachtaí a bheith á gcur ar fáil** ó thriúr moltóirí cháilithe nó teistiméireacht amháin a bheith á cur ar fáil sa chás gur breitheamh atá ag fónamh atá i gceist;

**3**

**Measúnú tosaigh** á dhéanamh ag comhaltaí aonair den Choimisiún;

**4**

**Cruinniú den Choimisiún** chun a mheasúnú ar na hiarratais a phlé agus a chur i gcrích, agus teacht ar chomhaontú maidir le gearrliosta don agallamh;

**5**

**Agallamh á chur ar na hiarrthóirí gearrliostaithe** ag painéal den Choimisiún a cuireadh i dtoll a chéile de réir a. 46(2);

**6**

**Measúnú á dhéanamh ag an bpainéal agallaimh** agus eolas maidir leis an measúnú sin a roinnt leis an gCoimisiún;

**7**

**Seiceálacha gairmiúla, cúlra agus leighis** á ndéanamh ag an gCoimisiún i ndáil leis na hiarrthóirí gearrliostaithe ar fad; agus

**8**

**Cruinniú deiridh den Choimisiún** chun críoch a chur lena mheasúnú ar na hiarrthóirí agus chun iarrthóirí a mholadh don Aire.

## Tábla a hAon - Achoimre ar Phróisis Roghnúcháin 2025

| Dlínse | Fógartha | Líon na bpost atá le líonadh | Líon na n-iarratas a fuarthas | | | Líon na dteistiméireachtaí a fuarthas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Iomlán | Fear | Bean | |
| An Chúirt Dúiche | Márta | 7 | Iomlán 126 | Fear 48 | Bean 78 | 378 |
| An Ard-Chúirt | Aibreán | 1 | Iomlán 26 | Fear 17 | Bean 9 | 62 |
| An Chúirt Chuarda | Bealtaine | 1 | Iomlán 60 | Fear 33 | Bean 27 | 168 |
| An Chúirt Achomhairc | Bealtaine | 1 | Iomlán 9 | Fear 8 | Bean 1 | 9 |
| An Ard-Chúirt | Deireadh Fómhair | 2 | Iomlán 17 | Fear 9 | Bean 8 | 47 |
| **Fógraíodh 3 Phróiseas Roghnúcháin in 2025 agus Cuireadh i gCrích iad in 2026** | | | | | | |
| An Chúirt Chuarda | Samhain | 3 | Iomlán 42 | Fear 17 | Bean 25 | 114 |
| An Chúirt Dúiche | Nollaig | 8 | Iomlán 74 | Fear 35 | Bean 39 | 222 |
| An Chúirt Uachtarach | Nollaig | 2 | Iomlán 8 | Fear 5 | Bean 3 | 8 |

## Tábla a hAon - Achoimre ar Phróisis Roghnúcháin 2025 (ar lean)

| Líon na n-iarrthóirí a cuireadh faoi agallamh | Ainmneacha molta don Aire | | | Fad an phróisis roghnúcháin idir fógairt agus liosta ainmneacha a chur i dtoll a chéile (Líon Seachtainí measta) |
|---|---|---|---|---|
| 20 | Iomlán 15 | Fear 5 | Bean 15 | 12 |
| 5 | Iomlán 3 | Fear 3 | Bean 0 | 11 |
| 6 | Iomlán 3 | Fear 1 | Bean 2 | 10 |
| 6 | Iomlán 3 | Fear 3 | Bean 0 | 7 |
| 7 | Iomlán 5 | Fear 2 | Bean 3 | 6 |
| **Fógraíodh 3 Phróiseas Roghnúcháin in 2025 agus Cuireadh i gCrích iad in 2026** | | | | |
| 13 | Iomlán 7 | Fear 3 | Bean 4 | 10 |
| 26 | Iomlán 17 | Fear 10 | Bean 7 | 11 |
| 8 | Iomlán 5 | Fear 2 | Bean 3 | 9 |

## Tábla a Dó - Aicmiú de réir gairme na n-iarratasóirí ar fad in 2025

| Dlínse | Líon Iomlán Iarratas | Aturnaetha Líon / % iarratasóirí | Abhcóidí Líon / % iarratasóirí | Breithiúna Líon / % iarratasóirí | Molta don Rialtas | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aturnae | Abhcóide | Breitheamh |
| An Chúirt Dúiche Márta 2025 | 126 | 90<br>71.43% | 36<br>28.57% | 0<br>0% | 11 | 4 | 0 |
| An Ard-Chúirt Aibreán 2025 | 26 | 7<br>26.92% | 12<br>46.16% | 7<br>26.92% | 1 | 2 | 0 |
| An Chúirt Chuarda Bealtaine 2025 | 60 | 19<br>31.66% | 34<br>56.67% | 7<br>11.67% | 0 | 2 | 1 |
| An Chúirt Achomhairc Bealtaine 2025 | 9 | 0<br>0% | 0<br>0% | 9<br>100% | 0 | 0 | 3 |
| An Ard-Chúirt Deireadh Fómhair 2025 | 17 | 5<br>29.41% | 9<br>52.95% | 3<br>17.64% | 1 | 4 | 0 |
| An Chúirt Chuarda Samhain 2025 | 42 | 14<br>33.33% | 22<br>52.38% | 6<br>14.29% | 1 | 3 | 3 |
| An Chúirt Uachtarach Nollaig 2025 | 8 | 0<br>0% | 0<br>0% | 8<br>100% | 0 | 0 | 5 |
| An Chúirt Dúiche Nollaig 2025 | 74 | 60<br>81.08% | 14<br>18.92% | 0<br>0% | 15 | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **362** | **195<br>54%** | **127<br>35%** | **40<br>11%** | **29** | **17** | **11** |

Tá aird tarraingthe ag an gCoimisiún ar an líon mór iarratas a fuair sé in 2025, agus ar an méid ama agus ar an dua a chaith iarratasóirí agus moltóirí ag díriú a na próisis roghnúcháin. D'éiligh sé seo dianphróiseas athbhreithnithe a bheith á chur i gcrích ag gach Coimisinéir i ndáil le gach iarratasóir agus gach teistiméireacht ghaolmhar chun críoch a chur leis an bpróiseas gearrliostaithe le haghaidh agallaimh. Ar an meán, chuir Coimisinéirí aonair thart ar 44 lá oibre i gcrích don Choimisiún in 2025. Tuigeann foireann an Choimisiúin freisin gur próiseas nua é seo atá le cur i gcrích ag iarratasóirí ar mian leo a bheith ceaptha mar chomhaltaí de na breithiúna den chéad uair, agus gur próiseas nua atá ann freisin do bhreithiúna a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar phoist laistigh den chóras breithiúna.

I mí Mheán Fómhair, chuir an Coimisiún athbhreithniú ar a chuid próiseas i gcrích don tréimhse idir Eanáir agus Iúil. Ag eascairt as an athbhreithniú sin, d'fhoilsigh an Coimisiún *'Tuarascáil an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin don tréimhse idir Eanáir agus Iúil 2025'* ar a shuíomh gréasáin chun forléargas a sholáthar maidir le próisis an Choimisiúin mar aon le léargas ar na chéad cheithre phróiseas roghnúcháin a cuireadh i gcrích. Tá an Tuarascáil seo tugtha cothrom le dáta anois agus tá na próisis ar fad ar cuireadh tús leo in 2025 curtha san áireamh (Féach ar Aguisín 1)

Ceann de na réimsí a ndéileáiltear leo sa tuarascáil ná an t-iarratas a rinne iarratasóirí áirithe ar aiseolas aonair. Go ginearálta, tháinig a leithéid sin d'iarratais chun cinn i gcásanna nuair nár roghnaíodh iarratasóirí chun agallamh a dhéanamh, nó sa chás go ndearna iarratasóir agallamh ach nár moladh é/í don Rialtas. Tá meas ag an gCoimisiún ar agus tuigeann sé an fonn a bhíonn ar iarratasóirí aiseolas a fháil. I bhfianaise nádúr rúnda an phróisis, áfach, líon na n-iarratasóirí agus na n-acmhainní teoranta atá ar fáil laistigh den Choimisiún, tá an Coimisiún den tuairim nach féidir leis aiseolas a chur ar fáil ar bhonn aonair.

Tá an measúnú a dhéantar ar iarrthóirí oibiachtúil agus coibhneasta agus is cinneadh comhchoiteann atá á dhéanamh ag an gCoimisiún atá ann. Bhí na próisis roghnúcháin a cuireadh i gcrích in 2025 an-iomaíoch. Go hoibiachtúil, rinne an Coimisiún measúnú ar iarratasóirí láidre a bhí sách fiúntach chun iad a chur faoi agallamh. I dtéarmaí coibhneasta, áfach, bhí iarrthóirí áirithe a bhí, dar leis an gCoimisiún, níos láidre ná iarrthóirí eile. Dá réir sin, b'éigean don Choimisiún rogha a dhéanamh idir roinnt iarrthóirí dea-cháilithe chun iad a chur faoi agallamh, nó i gcás na n-iarrthóirí a cuireadh faoi agallamh, rogha a dhéanamh idir roinnt iarrthóirí dea-cháilithe chun iad a mholadh don Rialtas.

Tá *'Tuarascáil an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin don tréimhse idir Eanáir agus Iúil 2025'* fós ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus in úsáid mar acmhainn úsáideach chun cabhrú le hiarratasóirí a bhíonn páirteach i bpróisis roghnúcháin bhreithiúnacha amach anseo. Déanann an Coimisiún athbhreithniú rialta ar a nósanna imeachta agus cuireann sé in oiriúint iad ag féachaint do thaithí agus leanfaidh sé ar aghaidh lena leithéid a dhéanamh, ag féachaint do thaithí agus d'ionchais iarratasóirí.

# Comhairliúchán maidir leis an nGaeilge

**De réir alt. 56(4) den Acht, ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i mbun comhairle le hUachtarán na hArd-Chúirte, Uachtarán na Cúirte Cuarda agus Uachtarán na Cúirte Dúiche maidir le riachtanais úsáideoirí chúirt an Uachtaráin chomh fada is bhaineann le himeachtaí trí Ghaeilge chun críocha alt 39(2)(c) agus alt 58(2)(a)(vi) den Acht.**

Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i mbun comhairle leis an tSeirbhís Cúirteanna maidir le riachtanais úsáideoirí na gcúirteanna i ndáil le himeachtaí a bhíonn á reáchtáil trí Ghaeilge chun críocha alt 39(2)(c) agus alt 58(2)(a)(vi) den Acht.

In Alt 39(2) leagtar amach nuair a bhíonn an Coimisiún i mbun na feidhme a bhaineann le daoine a roghnú agus a mholadh lena gceapadh, go gcuirfear san áireamh, a mhéid is féidir, an cuspóir go gcuirfidh gach cúirt líon oiriúnach breithiúna atá inniúil sa Ghaeilge san áireamh chun freastal ar na riachtanais atá aitheanta tríd an bpróiseas comhairliúcháin seo. Sonraítear in Alt 58(2) go bhféadfaí aon riachtanas a aithnítear mar thoradh ar an gcomhairliúchán seo a chur san áireamh i ráiteas an Choimisiúin maidir le heolas, scileanna agus saintréithe roimh ré. Tá sé seo faoi réir alt 39(1) den Acht a chiallaíonn go mbeidh cinneadh a dhéanann an Coimisiún duine a mholadh lena c(h)eapadh nó lena (h)ainmniú lena c(h)eapadh nó lena t(h)oghadh chuig oifig bhreithiúnach bunaithe ar fhiúntas.

Dá réir sin, ar an 22 Deireadh Fómhair 2025, d'fháiltigh an Coimisiún roimh aighneachtaí ó Uachtarán na hArd-Chúirte, Uachtarán na Cúirte Cuarda agus Uachtarán na Cúirte Dúiche, agus freisin ón tSeirbhís Cúirteanna. Ba é an 21 Samhain an dáta deiridh ar glacadh le haighneachtaí.

Chuir gach Uachtarán aighneachtaí ar fáil a bhain go sonrach lena ndlínse féin agus ina raibh léargas le fáil ar riachtanais Ghaeilge úsáideoirí cúirte sa dlínse ábhartha. Sholáthair an tSeirbhís Cúirteanna tuarascáil chuimsitheach maidir leis na riachtanais atá ag baint le agus a bheidh ag baint le himeachtaí trí Ghaeilge amach anseo.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú agus machnamh ar gach aighneacht. Ba é toradh an chomhairliúcháin go raibh dóthain inniúlachta i measc na mbreithiúna faoi láthair chun freagairt do riachtanais na n-úsáideoirí nuair a bhí imeachtaí á reáchtáil trí Ghaeilge.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais Ghaeilge úsáideoirí na gcúirteanna ionas go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh ag freastal ar an leibhéal éilimh ó úsáideoirí ar mian leo a gcuid imeachtaí cúirte a reáchtáil trí Ghaeilge. Gné thábhachtach go dtí seo ba ea í ceisteanna maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a chur san áireamh sna foirmeacha iarratais a bhain le próisis roghnúcháin agus leanfar leis an nós seo i bhfoirmeacha iarratais a bheidh in úsáid do phróisis roghnúcháin amach anseo. Cuireadh an próiseas comhairliúcháin i gcrích i mí na Nollag 2025.

# Dréachtráiteas Roghnúcháin Breithiúnach

**Déantar cur síos in Alt 57 den Acht ar phróiseas a chiallaíonn nach mór don Choimisiún glacadh le ráiteas roghnúcháin breithiúnach ina bhfuil dhá dhoiciméad - (i) ráiteas maidir le nósanna imeachta roghnúcháin agus (ii) ráiteas maidir le heolas, scileanna agus saintréithe roimh ré.**

Beidh na doiciméid seo in úsáid mar bhonn leis na próisis roghnúcháin a chuirfidh an Coimisiún i gcrích faoi alt 46 den Acht. San áireamh sa phróiseas seo tá tréimhse fhada ama a bhaineann leis na céimeanna difriúla atá le cur i gcrích sula gcuirtear an ráiteas roghnúcháin breithiúnach i gcrích.

Foráiltear in Alt 60 den Acht do shocrú idirthréimhseach a chiallaíonn gur féidir leis an gCoimisiún leanúint ar aghaidh le próiseas roghnúcháin sula nglactar le ráiteas roghnúcháin breithiúnach. Go dtí seo, chuir an Coimisiún cúig phróiseas roghnúcháin i gcrích faoin socrú idirthréimhseach seo agus tá sé i mbun trí phróiseas roghnúcháin a reáchtáil faoin socrú seo ag deireadh 2025. Leanfar ar aghaidh leis an socrú seo a úsáid go dtí go mbeidh an ráiteas roghnúcháin breithiúnach curtha i gcrích. Tá an socrú idirthréimhseach ag teacht leis na nósanna imeachta agus critéir atá arna gcinneadh ag an gCoimisiún, atá ag teacht le comhpháirteanna na scéime roghnúcháin breithiúnaí atá le fáil in alt 58-59 den Acht.

Ar an 10 Deireadh Fómhair, thionscain an Coimisiún próiseas comhairliúcháin éigeantach foirmiúil faoi alt 55 den Acht in éineacht le hUachtaráin na hArd-Chúirte, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche. Sa bhreis ar na comhairliúcháin éigeantacha leis na hUachtaráin, chinn an Coimisiún cur le raon an chomhairliúcháin seo trí oibriú le 18 gcomhlacht ghairmiúla, n-eagraíocht agus Roinn Rialtais chun críocha an chomhairliúcháin faoi alt 57.

Ar an iomlán, tugadh cuireadh do 21 sealbhóir oifige, comhlacht gairmiúil, eagraíocht agus Roinn Rialtais chun aighneacht a dhéanamh.

Ba é an aidhm a bhí le dianphróiseas comhairliúcháin seo an Choimisiúin trédhearcacht agus ionchur ó pháirtithe leasmhara a uasmhéadú nuair a bhí na hinniúlachtaí agus na saintréithe á sainiú atá ag teastáil d'oifig bhreithiúnach agus freisin chun nósanna imeachta roghnúcháin cothroma agus bunaithe ar fhiúntas a chinntiú. Ba í an Aoine, an 21 Samhain 2025, an dáta deiridh ar glacadh le haighneachtaí.

Ar an iomlán, fuair an Coimisiún 9 n-aighneacht. Tá an Coimisiún, arna chomhdhéanamh faoi alt 9(1) den Acht, i mbun athbhreithnithe agus machnaimh ar na haighneachtaí a fuarthas agus ansin ullmhóidh sé dhá dhréachtráiteas atá le cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, chun críche oifige breithiúnaí sa Stát agus i gCúirt Ghinearálta agus i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus ar leithligh ón Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, chomh fada is a bhaineann le hoifigí breithiúna na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún dréacht den ráiteas roghnúcháin breithiúnach a chur ar fáil don bheirt Airí laistigh de 15 mhí ó thús a chur le halt 57 chun cead a thabhairt tuairimí maidir leis an ráiteas roghnúcháin breithiúnach a chur ar fáil, agus is é an 31 Márta 2026 an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí.

De réir alt 57, féadfaidh an Aire barúlacha a dhéanamh laistigh de 3 mhí. Ansin, beidh trí mhí ag an gCoimisiún chun machnamh a dhéanamh ar na barúlacha seo agus glacadh leis an Ráiteas Roghnúcháin Breithiúnach deiridh. Ag an bpointe sin, foilseoidh an Coimisiún Ráiteas Roghnúcháin Breithiúnach ina mbeidh (i) ráiteas maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus (ii) ráiteas maidir le heolas, scileanna agus saintréithe riachtanacha d'oifig bhreithiúnach.

# Éagsúlacht

**Ceanglaíonn Alt 28 den Acht ar an gCoimisiún Ráiteas Éagsúlachta a fhoilsiú tráth nach déanaí ná dhá bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm an ailt, an 31 Nollaig 2026, agus uair amháin, ar a laghad, i ngach tréimhse ceithre bliana.**

Déanfaidh Ráiteas Éagsúlachta mar sin an méid seo a leanas:

*"leagfaidh sé amach an tslí a ngeallann an Coimisiún éifeacht a thabhairt do na cuspóirí atá leagtha amach in alt 39(2)(b), is é sin go dtabharfar léargas i gcomhaltacht na mbreithiúna i ngach Cúirt ar éagsúlacht dhaonra an Stáit trí chéile, agus gur cheart go mbeadh nósanna imeachta bunaithe chun an cuspóir a chomhlíonadh a mhéid is féidir agus is indéanta chun éagsúlacht iarratasóirí agus daoine a mholtar lena gceapadh a fheabhsú nó lena dtoghadh chuig oifig bhreithiúnach lena n-áirítear na nósanna imeachta atá bunaithe chun cabhrú le bacainní a bhaint atá le sárú ag daoine laistigh den daonra atá tearcionadaithe in oifig bhreithiúnach".*

Tá sé tábhachtach go mbeadh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i measc na mbreithiúna chun tacú le muinín an phobail as riar an cheartais. Is bunphrionsabal é nár cheart do cheapacháin chuig an mbreithiúna idirdhealú a dhéanamh ar na forais seo a leanas - cine, dath, inscne, reiligiún, tuairim pholaitiúil nó eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta, réadmhaoin, breith nó stádas. Ainneoin gur gcuirtear é seo i láthair mar dhianchosc, áfach, tá gné dhearfach ag baint le héagsúlacht freisin – ba cheart go dtabharfadh na breithiúna léargas ar an tsochaí a bhfuil siad ag freastal uirthi. Is í sin an chiall a luaitear léi i gcomhthéacs chuspóirí an phróisis cheapacháin san Acht, lena n-áirítear cothromaíocht inscne agus inniúlacht sa Ghaeilge. Sonraítear go bhfuil na cuspóirí seo mar bhonn leis na critéir sháraitheacha a bhaineann le ceapachán ar bhonn fiúntais.

Tá alt curtha san áireamh ag an gCoimisiún ina phróiseas iarratais anois a bhfuil sé mar aidhm leis cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí déileáil le haon ní atá leagtha amach in alt 39(2) a mheasann sé atá ábhartha.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le hUachtarán na hArd-Chúirte, Uachtarán na Cúirte Cuarda agus Uachtarán na Cúirte Dúiche a mhéid is go mbaineann an Ráiteas Éagsúlachta le hoifig bhreithiúnach i ngach Cúirt dá leithéid. Is mian leis an gCoimisiún, áfach, dul i gcomhairle le níos mó daoine agus tá sé beartaithe aige próiseas comhairliúcháin níos ginearálta a thionscnamh i mí an Mhárta 2026. Is é an cuspóir a bheidh leis an bpróiseas comhairliúcháin tuairimí a bhailiú maidir le taithí páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur ar fáil do Ráiteas Éagsúlachta an Choimisiúin chun léargas a thabhairt ar a chuspóirí reachtúla, éagsúlacht a dheimhniú mar chuspóir dearfach, agus gealltanais an Choimisiúin a leagan amach sa chomhthéacs sin.

# Ag Féachaint Chun Cinn go dtí 2026

**Glacadh le bliain bhunaithe an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha mar leasú suntasach agus mar fhorbairt ar an gcóras roghnúcháin d'oifig bhreithiúnach sa Stát agus do chúirteanna AE agus idirnáisiúnta.**

Sholáthair feidhmíocht an Choimisiúin, an Stiúrthóra agus na beirte ball foirne, bonnsraith láidir chun leanúint ar aghaidh ag obair ar shainordú reachtúil an Choimisiúin in 2026.

An bhliain seo chugainn, leanfar le soláthar leanúnach na bpróiseas roghnúcháin d'fholúntais bhreithiúnacha, trí phróiseas trédhearcach, bunaithe ar fhiúntas, agus cinnteofar go mbeidh folúntais bhreithiúnacha á líonadh ar bhonn tráthúil. Tríd an méid sin a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún cuntas d'fholúntais a mheastar a bheidh ann a bhaineann le scor reachtúil éigeantach, folúntais a eascraíonn as ceapadh aon Bhreitheamh atá i mbun oibre faoi láthair chuig poist bhreithiúnacha eile agus áiteanna reachtúla breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2025.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag obair ar dhréachtráiteas maidir le heolas, scileanna agus saintréithe roimh ré a ullmhú, mar aon le dréachtráiteas maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, a bheidh ag teacht le halt 57 den Acht, le cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus faoi bhráid an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, faoin 31 Márta 2026.

Reáchtálfaidh an Coimisiún próiseas comhairliúcháin chun Ráiteas Éagsúlachta a chur i dtoll a chéile in éineacht le hUachtarán na hArd-Chúirte, Uachtarán na Cúirt Cuarda agus Uachtarán na Cúirte Dúiche, mar a cheanglaíonn an tAcht, agus chun cur leis an gcomhairliúchán chun níos mó páirtithe leasmhara a chur san áireamh ionas gur féidir bonn eolais a chur ar fáil do Ráiteas Éagsúlachta an Choimisiúin. Foilseofar Ráiteas Éagsúlachta laistigh den tréimhse ama reachtúil, an 31 Nollaig 2026.

Tacóidh méadú ar líon na mball foirne in 2026 le hobair an Choimisiúin trí acmhainní feabhsaithe a chur ar fáil de réir mar a leanann an Coimisiún ar aghaidh ag obair a chlár oibre suntasach.

De réir alt 61 den Acht, tabharfaidh an Coimisiún faoi athbhreithniú ar chur chun feidhme an Achta laistigh de dhá bhliain ó bhliain a bhunaithe, agus de bhua an athbhreithnithe seo, ullmhóidh sé moltaí bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún freisin a chinntiú go gcloíonn sé le prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh, agus dá réir sin, tá machnamh déanta in 2025 ag an CIR ar fhorbairt beartas, bainistíochta riosca agus cuntasachta airgeadais chuí. Ainneoin nach bhfuil an Coimisiún faoi réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), tá nósanna imeachta bunaithe i rith bhliain bhunaithe an Choimisiúin chun a chinntiú go bhfuil ceanglais ábhartha an Chóid seo á ndearbhú. Mar gheall ar shainordú agus ar ról suntasach an Choimisiúin nua, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt agus ar leabú struchtúr nua, rialachais, nósanna imeachta bainistíochta riosca, agus beartas agus nósanna imeachta athbhreithnithe, ina dtugtar léargas ar phrionsabail an Chóid Chleachtais. D'fhéadfadh breithniúcháin mhalartacha a bheith i bhfeidhm sa chás nach bhfuil an Cód ag teacht le cothabháil neamhspleáchas breithiúnach na gcomhaltaí breithiúnacha den Choimisiún nuair a bhíonn a fheidhmeanna á gcur i bhfeidhm aige.

Is dlúthchuid í obair an Choimisiúin, mar chomhlacht neamhspleách, laistigh den phróiseas roghnúcháin iomlán agus den slabhra ceapachán breithiúnach a tharlaíonn dá bharr. Lárnach i rath obair an Choimisiúin tá an caidreamh atá bunaithe aige le raon leathan páirtithe leasmhara sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, comhlachtaí agus eagraíochtaí gairmiúla, institiúidí tríú leibhéal, na breithiúna, an pobal, agus na hiarratasóirí ar ndóigh. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh leis an gcaidreamh oibre seo a fhorbairt in 2026 ionas go mbeidh daoine fós muiníneach as an gcóras de cheapacháin bhreithiúnacha fad is a bheidh na hiarrthóirí is oiriúnaí á moladh le haghaidh ceapachán breithiúnach bunaithe ar an gceanglas reachtúil soiléir go mbeadh ceapacháin bhreithiúnacha fós bunaithe ar fhiúntas.

# Aguisín 1

## Próiseas Roghnúcháin an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha

### I Cúlra agus Forléargas ar Phróisis Roghnúcháin Eanáir - Nollaig 2025

Is é cuspóir na tuarascála seo forléargas a thabhairt ar phróisis an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha agus léargas a thabhairt bunaithe ar na próisis roghnúcháin a cuireadh i gcrích in 2025 agus é mar aidhm cabhrú le hiarratasóirí le próisis roghnúcháin bhreithiúnacha amach anseo.

Bunaíodh an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha ("an Coimisiún") de bhua Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023 ("Acht 2023"), le héifeacht ón 1 Eanáir, 2025. Ag an bpointe sin, bhí dhá fholúntas gan líonadh, agus bhíothas ag súil go mbeidh roinnt folúntas eile á bhfógairt. In 2025, chuir an Coimisiún cúig scéim roghnúcháin i gcrích (ceann sa Chúirt Dúiche, ceann sa Chúirt Chuarda, dhá cheann san Ard-Chúirt agus ceann sa Chúirt Achomhairc) agus cuireadh ainmnithe ar fáil chun 12 fholúntas a líonadh. Ar an iomlán, chomh fada is a bhain le próisis roghnúcháin chríochnaithe, rinne an Coimisiún 238 iarratas a mheas mar aon le 664 teistiméireacht agus reáchtáil sé 44 agallamh. Bhí an tréimhse idir glacadh le hiarratas ón aire agus iarrthóirí a ainmniú idir 8 agus 12 seachtaine. Lena chois sin, d'fhógair an Coimisiún trí phróiseas roghnúcháin a cuireadh i gcrích ina dhiaidh sin in 2026 (ceann sa Chúirt Dúiche, ceann sa Chúirt Chuarda agus ceann sa Chúirt Uachtarach).

In 2025, bhuail baill an Choimisiúin le chéile ar bhonn foirmiúil 30 uair. Chomh maith leis sin, reáchtáladh tuilleadh cruinnithe le foghrúpaí a bhain le comórtais aonair agus saincheisteanna straitéiseacha cosúil le rialachas agus riosca. I rith na tréimhse sin agus ionas go bhféadfaí na próisis roghnúcháin a chur i gcrích, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas i dtoll a chéile:

- Dréachtráiteas táscach maidir le nósanna imeachta roghnúcháin;
- Dréachtráiteas maidir le heolas, scileanna agus saintréithe; agus
- Treoir do mholtóirí.

Lena chois sin, d'ullmhaigh an Coimisiún foirmeacha iarratais, agus leabhrán eolais mionsonraithe don phróiseas roghnúcháin do gach Cúirt.

### II Tuiscintí agus Cur Chuige Ginearálta maidir le hAiseolas Ginearálta

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a chuid próiseas i mí Meán Fómhair nuair a bhíonn ceithre phróiseas roghnúcháin curtha i gcrích. Ag eascairt as an athbhreithniú, d'fhan struchtúr bunúsach an phróisis roghnúcháin mar an gcéanna in 2025, agus rinneadh leasú ar roinnt doiciméad bunaithe ar an taithí.

Is mian leis an gCoimisiún aird a tharraingt ar an líon suntasach iarratas a fuair sé agus tá sé buíoch de na hiarratasóirí as spéis a léiriú i ngairm san earnáil bhreithiúnach. Tuigeann foireann an Choimisiúin freisin gur próiseas nua é seo atá le cur i gcrích ag iarratasóirí ar mian leo a bheith ceaptha mar chomhaltaí de na breithiúna den chéad uair, agus gur próiseas nua atá ann freisin do bhreithiúna a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar phoist laistigh den chóras breithiúna.

Tá ardmheas ag an gCoimisiún ar an spéis atá ag iarratasóirí in aiseolas a fháil ach ní dóigh leis gur féidir leis aiseolas a chur ar fáil do dhaoine aonair, mar gheall ar líon na n-iarratas agus an cineál próisis atá i gceist, lena n-áirítear an pointe go n-athrófar comhdhéanamh an Choimisiún, de riachtanas, ó bhliain go bliain.

Tá an deis seo á tapú, áfach, ag an gCoimisiún, chun aiseolas ginearálta a chur ar fáil agus tá sé ag súil go gcabhróidh an t-aiseolas sin le gach iarrthóir agus le hiarrthóirí amach anseo

freisin. A mhéid is féidir, dá bhrí sin, tá eolas níos mionsonraithe maidir leis na comórtais a reáchtáladh go dtí seo, i ndáil leis an bpróiseas agus leis an ábhar a bhí i bhfoirmeacha na n-iarrthóirí, curtha ar fáil thíos. Ceanglaítear ar an gCoimisiún an próiseas roghnúcháin bunaithe ar fhiúntas a chur i gcrích, agus san áireamh i bhfiúntas sa chomhthéacs seo tá comhpháirt choibhneasta a chiallaíonn go mbíonn comparáid á déanamh, de riachtanas, idir iarrthóirí a dhéanann iarratas ar an bpost céanna. Os a choinne sin, glactar leis go mbeidh níos mó taithí á fáil ag cleachtóirí agus ag breithiúna le himeacht ama. Dá réir sin, d'fhéadfadh rath a bheith ar iarratasóirí nach n-éiríonn leis nó léi i bpróiseas amháin ach a dhéanann iarratas eile ina dhiaidh sin, de bhrí b'fhéidir go mbeadh níos mó taithí ag an iarratasóir nó b'fhéidir go mbeadh iarratas níos láidre déanta i gcomparáid le daoine eile i gcomórtas ina dhiaidh sin. Tá sé tábhachtach nach mbeadh leasú an phróisis um cheapacháin bhreithiúnacha mar bhonn le bac a chur ar iarratasóirí oiriúnacha agus tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go leanfadh iarrthóirí ar aghaidh le hiarratais a dhéanamh, go háirithe má bhí siad gearrliostaithe chun agallamh a dhéanamh i bpróiseas a reáchtáladh roimhe sin.

Lorgaíonn gach bord agallaimh aiseolas maidir leis an bpróiseas iomlán ó iarrthóirí a ghearrliostaítear chun agallamh a dhéanamh. Tá an Coimisiún sásta i gcónaí glacadh le haiseolas agus déanann sé iarracht athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas um cheapacháin bhreithiúnacha ar bhonn leanúnach. Mar shampla, tá an suíomh a bhí roghnaithe chun agallaimh a dhéanamh don Chúirt Uachtarach athraithe roinnt uaireanta ó oifigí an Choimisiúin, sa chás gur measadh go mbeadh níos mó rúndachta á cinntiú d'iarrthóirí, ó tharla go raibh líon níos lú iarrthóirí i gceist. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas.

## III Nós Imeachta an Choimisiúin

Measann an Coimisiún gur prionsabal bunúsach i gcomhréir le struchtúr an Achta, gur cheart go ndéanfadh an Coimisiún (comhdhéanta i ngach cás de réir théarmaí alt 9 d'Acht 2023) aon chinneadh ar bhonn comhchoiteann, agus gur cheart do gach comhalta den Choimisiún comhdhéanta sin, páirt a ghlacadh sa chinneadh. Dá réir sin, tá na céimeanna seo a leanas san áireamh sa phróiseas a bhfuil glactha ag an gCoimisiún leis:

(i) sholáthair an tUachtarán sa Chúirt ina raibh an folúntas nó na folúntais, forléargas ar obair na Cúirte, agus ar aon bhreithniúchán ar leith a bhain leis na folúntais a bhí i gceist;

(ii) rinne gach Coimisinéir aonair measúnú ar leith ar an iarratas agus ar na teistiméireachtaí agus sonraíodh réamh-mharc a bhí cothrom le 80% de na marcanna iomlána a bronnadh don chéad cheithre phróiseas roghnúcháin a cuireadh i gcrích. Laghdaíodh an marc sin go dtí 75% do phróisis roghnúcháin ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh;

(iii) bhuail comhaltaí an Choimisiúin le chéile in áit ar leith nó mar chuid de chruinniú hibrideach, chun measúnú na n-iarrthóirí a phlé. Pléadh gach iarratasóir agus leagadh béim ar leith ar na cásanna sin ina raibh aon toradh asluiteach le tabhairt faoi deara (cás ina raibh tuairim an-difriúil ag duine nó beirt de na Coimisinéirí i gcomparáid le baill eile den Choimisiún), nó cásanna imeallacha, ina raibh seans ann go bhféadfaí nó nach bhféadfaí iarrthóir a ghearrliostú. Bhí an plé a rinneadh ar na hiarrthóirí á stiúradh ag Coimisinéir difriúil ar bhonn uainíochta. Má bhí comhalta den Choimisiún den tuairim go raibh aithne an-mhaith aige/aici ar iarrthóir, chuir sé/sí eolas ar fáil maidir leis an uair deiridh ar labhair siad lena chéile. Rinne comhaltaí an Choimisiúin a machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- taithí an iarrthóra, an méid ama i mbun cleachtais agus nádúr agus cineál an chleachtais nó, sa chás gur cuí, mar bhreitheamh;
- eolas agus aithne ar chleachtas na cúirte ina raibh an ceapachán á lorg; agus
- a mhéid is a raibh teistiméireachtaí iontaofa á gcur ar fáil mar thacaíocht;
- breithniúchán ar shaintréithe pearsanta an iarratasóra.

Rinne na Coimisinéirí machnamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart dóibh a marcanna aonair

a leasú, agus ina dhiaidh sin, tháinig comhaltaí an Choimisiúin ar chomhaontú maidir le gearrliosta don agallamh;

**(iv)** chuir painéal ón gCoimisiún a raibh na daoine seo a leanas páirteach ann na hiarrthóirí gearrliostaithe faoi agallamh:

- An Chúirt Dúiche: An Dr Eleanor O'Higgins (Cathaoirleach), An tUachtarán Paul Kelly, An Breitheamh Alan Mitchell;
- An Chúirt Chuarda: An Dr Terry McWade (Cathaoirleach), An tUachtarán Patricia Ryan, An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty;
- An Ard-Chúirt: An tOll. Rónán Kennedy (Cathaoirleach), An tUachtarán David Barniville, An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty;
- An Chúirt Achomhairc: An tUasal Bernie Gray (Cathaoirleach), An Príomh-Bhreitheamh Donal O'Donnell, An tUachtarán Caroline Costello.
- An Chúirt Uachtarach: An tUasal Bernie Gray (Cathaoirleach), An Príomh-Bhreitheamh Donal O'Donnell, An tUachtarán Caroline Costello.

**(v)** Ar deireadh, bhuail comhaltaí an Choimisiúin le chéile arís nó, i rith seisiúin hibridigh má bhí sé riachtanach, chun machnamh a dhéanamh ar thuarascáil agus ar na marcanna a bhronn an painéal agallaimh. Ansin, rinne an Coimisiún machnamh ar an toradh táscach a bhí mar thoradh ar an ngearrliostú agus ar na marcanna a bronnadh don agallamh. Ainneoin go raibh tuairim an phainéil agallaimh tábhachtach, ní raibh sí cinntitheach agus b'éigean don Choimisiún cúrsaí a phlé agus glacadh leis an méid a bhí molta. Faoi alt 39(1) d'Acht 2023, tá oibleagáid ar an gCoimisiún a fheidhm a chomhlíonadh bunaithe ar fhiúntas. Bhreithnigh an Coimisiún na fachtóirí a aithníodh in alt 39(2) d'Acht 2023 nuair a bhí gearrliostú agus roghnú á dhéanamh chun ainmniúchán a chur faoi bhráid an rialtais. Ansin, chuir an Coimisiún críoch le liosta na n-iarrthóirí a bhí le moladh don Rialtas.

## IV Ualú measúnaithe

Ar dtús, in 2025, tháinig comhaltaí an Choimisiúin ar chomhaontú chun 80% de na marcanna iomlána a bhronnadh do mheasúnú ar iarratais agus teistiméireachtaí, agus leithdháileadh an 20% fágtha don mheasúnú ar na hagallaimh. I mí Mheán Fómhair, d'athraigh an Coimisiún modh roinnte na marcanna go dtí 75%/25%, idir an measúnú ar na hiarratais agus teistiméireachtaí (75%) agus ar an agallamh (25%). Ar an tslí sin, tugadh léargas ar an eolas breise úsáideach a bhain le gach agallamh.

Tá cinntí an Choimisiúin, go dtí seo, déanta bunaithe ar chomhaontú. Bhí an modh roghnúcháin bunaithe ar phlé cuimsitheach a dhéanamh agus ar dheis a thabhairt do gach comhalta a t(h)uairim a chur in iúl agus cloí leis an tuairim sin sa chás go raibh aon easaontú ann. Ainneoin go raibh difríocht le tabhairt faoi deara idir measúnuithe aonair iarrthóirí, ghlac an Coimisiún le marc foriomlán a thug léargas ar na marcanna carnacha a bronnadh ar gach iarrthóir.

Agus na ceanglais reachtúla a bhaineann le ceapacháin bunaithe ar fhiúntas, cothromaíocht inscne agus éagsúlacht á gcur san áireamh, ghlac an Coimisiún le cleachtas a bhí bunaithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar na hiarrthóirí i bhfianaise na gceanglas sin nuair a cuireadh a leithéid de phlé i gcrích sula deimhníodh na hiarrthóirí a mholfar don Aire. Déantar é sin in ord chun déileáil go comhfhiosach agus go rialta leis na saincheisteanna seo agus chun a chinntiú go bhfuil cuspóirí an Achta fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha á gcomhlíonadh sa chomhthéacs seo, a mhéid is féidir leis an gCoimisiún a leithéid a dhéanamh.

## V Barúlacha Ginearálta

Go ginearálta, bhí an Coimisiún den tuairim go raibh go leor de na hiarrthóirí ar gach post breithiúnach an-mhaith; ach bhí líon iomarcach iarrthóirí cáilithe ann i ngach cás. Bhí difríocht éigin le tabhairt faoi deara idir dlínsí, agus i gcás na hArd-Chúirte, d'fháilteodh an Coimisiún roimh iarratasóirí níos láidre i bpróisis roghnúcháin amach anseo. Dá ainneoin sin, níorbh éigean don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar a chumhachtaí a fheidhmiú faoi alt 47(3) chun líon níos ísle iarrthóirí a mholadh in aon chás. Ainneoin gurb é an aidhm atá leis na

barúlacha thíos cabhrú le hiarratais a dhéanfar amach anseo, ní hionann na barúlacha seo agus fianaise ar chaighdeán na n-iarrthóirí. I gcásanna áirithe, rinne iarrthóirí áirithe a bhí ar ardchaighdeán iarratas, agus tá an Coimisiún buíoch de na hiarrthóirí ar fad a rinne iarratas.

## a. Foirmeacha Iarratais

Réimse amháin nár éirigh le go iarrthóirí léargas maith a thabhairt orthu féin ann ná an machnamh a rinneadh ar an ráiteas táscach maidir le heolas, scileanna agus saintréithe riachtanacha. Tarraingíodh aird iarratasóirí agus moltóirí ar an doiciméad seo ach níor baineadh ach úsáid theoranta as agus is léir go raibh iarratasóirí áirithe den tuairim go raibh na ceisteanna aonair a bhain le heolas, scileanna agus saintréithe athráiteach agus, dá réir sin, chuir siad freagraí mórán mar an gcéanna ar fáil do gach ceist. Níor fhreagair iarrthóirí eile fós na ceisteanna a cuireadh. Dá bharr sin, níor thapaigh iarrthóirí áirithe an deis a n-iarratas a chur i láthair ar an mbealach is éifeachtaí.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar a thaithí sa chomhthéacs seo, leasaigh an Coimisiún na foirmeacha iarratais beagán, ach ba cheart go dtuigfeadh iarrthóirí go bhfuil na catagóirí a sainaithníodh in Acht 2023, eadhon, eolas, scileanna agus saintréithe, ag feidhmiú mar struchtúr cabhrach chun fianaise a chur ar fáil maidir le hoiriúnacht an iarrthóra don oifig a bhfuil iarratas á dhéanamh uirthi.

## b. Teistiméireachtaí

### i. Meastóireacht ar theistiméireachtaí agus treoir thagartha

Príomhábhar machnaimh don Choimisiún ba ea trí theistiméireacht a chur ar fáil i gcás iarratasóra a bhí le ceapadh sna breithiúna, agus teistiméireacht amháin i gcás breithimh shuí. Thug an Coimisiún aird ar aitheantas agus ar thaithí an mholtóra, ábhar na teistiméireachta agus an méid ar chuir sí leis an iarratas nó ar fhorbair sí an t-iarratas. Sa ráiteas táscach maidir le nósanna imeachta roghnúcháin agus sa treoir do mholtóirí, leag an Coimisiún béim ar an tábhacht a bhain le teistiméireachtaí, ar an bpointe go rabhthas ag súil go ndéanfadh moltóirí measúnú oibiachtúil agus ionraic ar na hiarratasóirí, agus nach gcabhródh teistiméireachtaí ina rabhthas ag moladh an iarratasóra i dtéarmaí ginearálta, fiú ar bhealach fonnmhar, leis an gCoimisiún.

Níorbh fhéidir mórán ualaigh a lua le teistiméireachtaí áirithe mar gheall ar an gcúis seo. Mar shampla, ní raibh sé soiléir i gcónaí cibé acu an raibh nó nach raibh taithí ag moltóir ar chumas gairmiúil iarrthóra agus, fiú dá mba rud é go raibh, an tslí a mbeadh an t-iarrthóir á rátáil i gcomparáid le gairmithe eile. Ba iad moltóirí a raibh neart taithí acu nó a bhí ardcháilithe a chuir na teistiméireachtaí ba chabhraí ar fáil, moltóirí nach raibh aon bhaint phearsanta acu leis an iarrthóir agus a rangaigh an t-iarrthóir an-ard i gcomparáid le cleachtóirí a raibh cáilíochtaí mórán mar an gcéanna acu nó breithiúna a raibh taithí den chineál céanna acu.

I bhfianaise na taithí seo, thug an Coimisiún tuilleadh treorach agus é mar aidhm a chinntiú go gcabhraíonn teistiméireachtaí leis an gCoimisiún chun measúnú iomlán agus iontaofa a dhéanamh ar cháilíochtaí iarrthóra, agus ar an tslí sin, go gcabhraítear leis an gCoimisiún a fheidhm a chomhlíonadh. Go ginearálta, bhí an Coimisiún den tuairim go bhfuil an measúnú níos iontaofa má tá an moltóir ag feidhmiú neamhspleách ar an iarrthóir. De ghnáth, bhí ualach níos mó luaite leo siúd a raibh aithne acu ar iarrthóirí i dtimpeallacht ghairmiúil, go háirithe i rith na bliana ina ndearna siad iarratas.

Tá an Coimisiún buíoch as an aiseolas ginearálta a fuair sé ó mholtóirí, ag cur in iúl, tríd is tríd, go raibh an próiseas fadálach, go háirithe má bhí dhá theistiméireacht nó níos mó á gcur ar fáil. Cruthaíonn teistiméireachtaí éagsúla deacrachtaí ní hamháin do mholtóirí ach, mura ndéanann an moltóir idirdhealú soiléir idir iarrthóirí chomh fada is a bhaineann lena bhfiúntas coibhneasta, deacrachtaí don Choimisiún freisin. Bhí sé riachtanach comparáid a dhéanamh idir teistiméireachtaí ó na moltóirí céanna ionas go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an leibhéal fiúntais a bhí á lua leis an iarrthóir.

Ar deireadh, níor fhreagair moltóirí áirithe na ceisteanna a cuireadh. Bhí tionchar aige sin ar ualach na teistiméireachta.

### ii. Uainiú Teistiméireachtaí

Éascaíonn an clár a úsáideann an Coimisiún iarratas ar líne, teistiméireachtaí a chur ar fáil agus measúnú a bheith á dhéanamh ag an gCoimisiún. Chomh fada is a bhaineann leis an gcéad cheithre phróiseas roghnúcháin, níor gineadh iarratas ar theistiméireacht ach amháin nuair a fuarthas iarratas líonta. I gcásanna áirithe, chuir sé sin brú neamhriachtanach ar mholtóirí chun teistiméireachtaí a chur ar fáil, go háirithe nuair nach raibh siad eolach ar an bpróiseas. I rith na tréimhse sin, bhí dhá dháta luaite leis an bpróiseas iarratais: dáta amháin d'iarratais a rabhthas le glacadh leo agus dáta eile, seachtain ina dhiaidh sin de ghnáth, chun teistiméireachtaí a fháil. Ag eascairt as an athbhreithniú a rinne an Coimisiún ar phróisis i mí Mheán Fómhair, tá dáta amháin ann anois atá mar an gcéanna chun iarratais agus teistiméireachtaí a chur isteach. Tá iarratais fós á gcur isteach tríd an ardán ar líne agus tá teistiméireachtaí á gcur ar fáil ag moltóirí don Choimisiún trí ríomhphost. Ba cheart go dtuigfeadh iarrthóirí go bhfuil sé inmhianaithe an oiread ama agus is féidir a chur ar fáil do mholtóirí chun teistiméireacht chuimsitheach a chur ar fáil.

I rith na bpróiseas roghnúcháin luath, rinne an Coimisiún cuntas den phointe go raibh na próisis seo faoi choimirce an Choimisiúin ar dtús, agus go raibh céimeanna san áireamh iontu nach raibh iarratasóirí agus moltóirí eolach orthu agus, dá bharr sin, athraíodh na teorainneacha ama chun a chinntiú go raibh an t-eolas ar fad a bhí riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar an iarratasóir faighte. Níl sé sin inmhianaithe nó indéanta ar bhonn leanúnach, áfach, agus beidh aird á tabhairt ag an gCoimisiún ar theorainneacha ama diana agus diúltóidh sé machnamh a dhéanamh ar aon iarratas nach bhfuil líonta go hiomlán ar an spriocdháta fógartha. Moltar d'iarrthóirí, dá réir sin, a gcuid iarratas a líonadh a luaithe agus is feidir agus dul i mbun idirchaidrimh lena moltóirí. Tá foirmeacha ar fáil ar www.judicialappointments.ie a thugann deis d'iarratasóirí agus do mholtóirí eolas a chur ar an bpróiseas sula bhfógraítear aon fholúntas.

## c. An próiseas agallaimh

Déanann gach bord agallaimh iarracht a gcur chuige a chur in oiriúint don agallamh, de réir mar is cuí don Chúirt lena mbaineann na poist atá á líonadh. Dá bhrí sin, bíonn ceisteanna difriúla á gcur ar iarrthóirí i rith próiseas roghnúcháin difriúil e.g. cuirtear ceisteanna difriúla ar iarrthóirí na Cúirte Dúiche i gcomparáid leis na ceisteanna a chuirtear ar iarrthóirí na hArd-Chúirte. Baineadh úsáid as foirmeacha iarratais agus as teistiméireachtaí na n-iarrthóirí le linn na n-agallamh. Chuir baill an phainéil ceisteanna forlíontacha maidir le nithe ar tagraíodh dóibh sna hiarratais a measadh a bhí cabhrach, agus i gcásanna áirithe, spéisiúil.

I measc cuid de na hábhair mhachnaimh a tugadh faoi deara mar thoradh ar na painéil agallaimh go dtí seo tá:

- Bhí iarrthóirí ar éirigh go maith leo sna hagallaimh in ann ceisteanna a fhreagairt ar bhealach a bhí ag teacht go maith leis na freagraí a chuir siad ar fáil ar a bhfoirmeacha iarratais, agus bhí a gcuid smaointe soiléir. D'fhreagair na hiarrthóirí ar éirigh go maith leo na ceisteanna a cuireadh orthu go díreach agus go beacht.
- Tugadh faoi deara go gcabhrófaí le hiarrthóirí dá mbeadh a gcuid foirmeacha iarratais líonta féin acu i rith a gcuid agallamh.
- I rith na n-agallamh ab fhearr a rinneadh díríodh ar an eolas, na scileanna agus na saintréithe riachtanacha agus inmhianaithe éagsúla agus bhí iarrthóirí in ann níos mó eolais a chur ar fáil agus samplaí ábhartha freisin

## VI Próisis Roghnúcháin Amach Anseo

Molann an Coimisiún go mbeadh tuarascáil ghonta á heisiúint nuair a chuirtear gach próiseas roghnúcháin i gcrích amach anseo. Lena chois sin, tá an Coimisiún ag súil go gcabhróidh sé le moltóirí trí thacar teistiméireachtaí a choinneáil, más cuí agus indéanta.

An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha
Judicial Appointments Commission